[1. *Fecht* n-aon da ttángadar Ulaidh go hEamhuin Macha go subach somheanmnach, tháinig¹ Cú Cholain go Dún Dealgan iar mbuaidh ccosgair ⁊ comaoidhimh for fheruibh Éirenn a ccath Fionnchoradh ⁊ a ccath Ruis na Ríogh for Bhóinn ⁊ a ccath gáibhthech Gáiridhe. Uair gé mór do churaidhibh ⁊ do chathmhílíbh, do ríoghuibh ⁊ do thaoisechuibh fer nÉirenn do thuit le *Coin* cColainn, nocha dherna sé ar shluaghuibh Thána Bó Cuailgne éacht nó áthios badh ferr leis, nó Calitín cona chlainn .i. cona shecht macuibh fichiod do thuitiom leis. Óir ní raibh ceisd éga nó oidhidhe Uladh air² ó do thuitedar leis; dóigh is amlaidh do fágibh Cailitín a bhen ⁊ a bhanchéile ⁊ í taobhthrom torrach dá éis, ⁊ an uair tháinig a hionbaidh ⁊ am tuismedha a toirrchiosa do thorrachtain, rug sí trí meic ⁊ teóra hinghena, ⁊ tháinig Meidhbh cuca is do-rinne sé ham-aidedh^{sl?} taoi tuathchaocha dhíobh. ⁊ do lesuighedh go maith le Meidhbh iad iar sin, no gurbo hionghníomha iad, ⁊ as é adubairt Meadhbh riu:

‘An bhfedabhairsi cia marbh bhar n-athair?’ ar sí.

‘Do-fhedamar,’ ar siad, ‘gurab é Cú Cholainn mac Subhaltaigh do mharbh é, ⁊ ad’ dheghaidh-si do marbadh é.’

‘Is fíor sin,’ ar sí, ‘⁊ dénaidhsi imthecht budhdesda do dhénamh bhar bhfogluma ar fedh an domhain mhóir,’ ar Meadhbh, ‘⁊ siridh draoithe ⁊ deghealadh-nacha an domhuin, ⁊ dénaidh fios ⁊ fogluim aca.’

2. Do ghluaisedar rompadh a ttír nAlban ⁊ do bádar bliadain innte ⁊ do-chuadar as sin a Saxuibh ⁊

1. ¹ ⁊ thainig K. ² ar K.

they resorted to

do bhádar bliadain innte. Do-chuadar a muinighin draoighechta ⁊ diabháltánachta an sin, ⁊ chuadar as sin don Bhabháilín, ⁊ do shiredar draoithe an domhuin amhlaidh ag dénamh a bhfogluma, no go rángadar críocha¹ tuathmhara Iffrinn, ⁊ do bhádar bliadhain ann sin. ⁊ do-rinne Bhalcán gabha airm dhóibh .i. trí cloidhmhe ⁊ trí sgena ⁊ trí slegha.

‘Ag súd bhar n-airm, a Chlann Chailitín,’ ar Bholcán, ‘⁊ dénaidh imthecht leó, ⁊ muirbfíther² trí ríoga dona trí sleaghuibh sithrighne slinngheara sin, .i. ríghaisgidech Éirionn, Cú Cholainn mac Subhaltaiigh, ⁊ rígech Éirionn, .i. an Liath Macha, ⁊ ríghghiolla Éirionn, .i. Laogh mac Rianghabhra, ⁊ as iad so fós go fírinnech na trí slegha is mó neimh ⁊ duabhais do-rinnassa³ riamh⁴.’

3. Do éirghedar Clann Chailitín rompadh amach ó Iffrionn ⁊ tángadar re néalluibh na gaoithe glóraighe¹ conad² ann do oirisidar³ ar faithche na Cruachna .i. a cConnachtaibh, ⁊ do éirigh Meadhbh go moch arna márach ina grianán⁴ gloinidhe⁴ ⁊ do-chonairc na sé hamaidedh tuathchaocha a tuathmara ingantacha athuathuighthe⁵ amuigh aran bhfaithche. ⁊ ó’ dchonairc iad, do ghabh a brot corcra cóigdhíablach uimpe, ⁊ tháinig amach aran bhfaithche, ⁊ do athnidh gurab iad Clann Cailitín do bhí ann, ⁊ do fher fíorchaoimh fáilte friu, ⁊ do shuidh eotarradh, ⁊ do fhiafraigh a n-echtra ⁊ a n-imthecht ó thús do dheiredh dhíobh⁶.

(d)

‘An dernabhair bhar bhfoghluim go maith?’ ar Meadhbh.

‘Do-rinnemar⁷,’ ar siad, ‘óir do-dhénamaois catha cródha comhmóra dona gasánmuibh siubhlacha⁸ sanaise

2. ¹criochadha K. ²muirfigther K. ³doronnasa K. ⁴⁊ adubairt na rainn si ag tairngire bhais ChonCcoluinn (follows poem: Atáid sona bhar n-airm áigh) add. K.

3. ¹gloraigh K. ²cona K. ³oirisiad K. ⁴⁻⁴grianglindhe K. ⁵athuaithuidhe K. ⁶⁊ adubhairt an laoi (follows poem: Dia bhar mbetha a seisior saor) add. K. ⁷diorinnemar K. ⁸siablaidhe K.

7 dona bolgánaibh buadhartha béalcheo 7 do dhuilleabhar na darbhre.'

Do rug Meadhbh lé iar sin iad go tech na Cruachna, 7 do frestladh 7 do fritheóladh iad ann, 7 tugadh na bíd 7 na senlenna dóibh, gurbho mesgadh medhar-chaoín d'óil.

4. Do bhádar trí lá 7 teóra hoidhche aran ordughud sin a cCruachain. Is ann sin do fógradh mórshluagh móradbhal ag Oilioll 7 ag Meadhbh 7 ag ceithre hollchóigedhibh Éirionn go Cruachain. Do chuireadar fiosa 7 techta ar chionn Lughaid meic Con Raoi, 7 thugadar chuca é, 7 do bhí Lughaidh 7 Meadhbh ag comrádh re chéile.

'An bhfeadar tusa, a Lughaidh, cia do mharbh th'athair?' ar Meadhbh.

'Do-fhedar,' ar Lughaidh¹, 'gurab é Cú Cholainn do mharbh é.'

'Is fíor sin,' ar Meadhbh, '7 anois thángadar Clann Cailitín² chugainn iar ccuardughadh an domuin dóibh ag dénamh a bhfoghroma fo chomair Chú Cholainn do thuitiom riu, dóigh ní bfuil urra nó airdrígh³ nó taoisech tuaithe nó bhrughaidh bóchédach baile nó deoraigh nó amhus nó tigherna tréncúigaidh do cheithre cóigedibh Éirenn dá raibhe ana⁴ aghaidh, nár thuit a athair nó a bhráthair, a chara nó a chliabhain nó a chomhdalta le Cú Cholaín ar mórchogadh Thána Bó Cuailgne, go n-aire sin badh chóir dhaoibh-si mórshluagh⁵ móradbhal do dhénamh dá ionnsoigh do dhíoghailt bhar n-égcóra air⁶.'

5. Do ghabh Lughaidh do láimh an sluaghadh sin do fhregra 7 do tháinig Lughaidh go réimemhuil go ríogradh¹ Mumhan dá mórthionól. Do chuireadar fiosa

4. ¹ luigh K. ² cailtín K. ³ Sic K. Leg. aire. ⁴ an K. ⁵ morsluaigh K. ⁶ ar K.

5. ¹ riograidhe K.

γ *techta ar chend laochraidhe* Laighen go lúthgháirech
 γ tháinig Mac Niadh mac Finn γ *Conchubhar mac*
Rosa γ *ríogradh*¹ Laighen dá n-ionnsoigh, γ do agallamh²
 Meidhbh iad.

‘A Mhac Niadh γ a Chonchubhair,’ ar Meadhbh, ‘an
 ccualabhair Clann Chailtín do thecht a n-Éirinn?’

‘Ní chualamar,’ ar Mac Niadh.

‘Thángadar,’ ar Meadhbh, ‘go mórdraoidhecht leó,
 γ an bhfedabhairsi cia do mharbh bhar n-aithreacha³?’
 ar Meadhbh.

‘Do-fhedamar gurab é Cú Cholainn do mharbh iad.’

Do chuir Meadhbh fios oile ar chend Eirc mheic
 Choirpri γ tugadh Earc dá hionnsoigh.

‘A Eirc,’ ar Meadhbh, ‘an bhfedarsí cia mharbh
 th’athair, γ athair gach curadh γ gach cathmílidh do
 Mhídechuibh?’

‘Cú Cholainn do mharbh m’athair,’ ar Earc, ‘a ccath
 Ruis na Ríogh.’

‘Is fíor sin,’ ar Meadhbh, ‘γ dénnatar mórshluaghadh
 libh do dhíoghailt bhar cnedh γ bhar ccrécht ar Chú
 Choluin.’

‘Do-dhéanam,’ ar Earc, ‘an slughadh sin.’

γ naisgíos Meadhbh a bhriathar air⁴ ioman slughadh
 sin do chomóradh don chur sin. Do imthig⁵ Con-
 chubhar γ Mac Niadh γ Earc mac Coirpre d’aon-
 aontadh⁶ don dula sin. γ do fhiosadar ceithre cóigídh
 Éirenn ina ndúntaibh γ ina mbailtibh, no go ttáinig am
 imthechta dhóibh, γ mar tháinig, do-rinnsiad tinól γ
 tiomargain go Crúachain, γ do bhádar trí lá γ teóra
 hoidhche innnte.

6. γ do éirghedar na sluaigh amach tar Magh Finn,
 áit a ttorchair Fionn mac Lonchraois le Coin Culainn
 roimhe sin. γ thángadar a nDuibhthír, áit a ttorchair

² hagallamh ag K.

³ aithrech K.

⁴ ar K.

⁵ imigh K.

⁶ aonaonta K.

Dubh mac Lonchraois le *Coin Ccolainn*, ⁊ thángadar rompadh go Senáth, risa ráiter Áth lethan Luain. ⁊ do fhás sgís ar fheruibh Éirionn, ⁊ do ghabhadar longport an oidhche sin ann. ⁊ do ghluaisedar rompadh arna márach ⁊ do thángadar go Glenn an Eóin ⁊ go Glenn Mór ⁊ go Cruinnloch risa ráidther Loch Luatha¹ an tan so. ⁊ do ghabhadar longport an oidhche sin ann. ⁊ do ghluaisedar rompadh arna márach go rángadar Tailtíonn taobhuaithne, ⁊ do ghabhadar longport ann, ⁊ do airgsiad Magh mBreghe ⁊ Magh Midhe ⁊ críoch Teabhtha ⁊ Tailtín ⁊ críoch Cnogba² ⁊ Cerma³ ⁊ Cuailgne. ⁊ do-chualaidh Conchubhar ⁊ Ulaidh uile archena an chríoch dá creachlosgadh ⁊ dá comhargain le mórshluagh Meadhbha ⁊ Mumhan ⁊ le laochradh⁴ Laighen ⁊ le curadhaibh⁵ Connacht. Dóigh amhlaidh do fhágaibh⁶ Meadhbh Fergus ⁊ Cormac ⁊ an Dubhluingios gan a mbreith lé aran slughadh⁷ sin. Óir do badh deimhin lé nach ttiucfadh d'feruibh Éirionn uile Cú Chulainn do mharbadh tar imdell Fhergusa ⁊ na Dubhloingsi.

7. ⁊ do thuit an Ceas Naoidhnáin ar Ulltachuibh an tan sin.

‘Cáit a bfuil Leabharcham,’ ar Conchubhar.

‘Atáim sonna,’ ar Leabharcham.

‘Gluais ar chend Con Ccolainn, ⁊ tabhair dom ionnsoigh-si é, óir is chuige do-rinnedh an slughadh so re ceilg, ⁊ fágbadh Dún Dealgan ⁊ Magh Muirtheimhne, ⁊ tighedh dom ionnsoigh-si go hEmhoin, ⁊ anadh agam don chur sa ar mo chomarle-si ⁊ ar chomarle Ghenainn ⁊ Chathfaid ⁊ Aimherghin ⁊ Fheircirtne ⁊ na bhfiledh¹ archena. Óir dá ndechadh go hiomshlán ó cheilg bhuardhartha an chogaidh si do-rinnedh le Meidhbh ⁊

6. ¹ luacha K. ² cruithne K. ³ ceura K. ⁴ laochraidhe K. ⁵ curanradh K. ⁶ fhaigibh K. ⁷ slughuibh K.

7. ¹ bhfiledha K.

lena bhíodhbaidhibh dá bhascad, do thuitfidis fir Éirenn uile linne ⁊ le Conall ⁊ leision ⁊ leisan sluagh do-dhénmaois chuca-san. ⁊ ní léigfedh a² eglasán ⁊ eglasán an churadh Conaill dóibh² breith orrainn ⁊² techt ní badh sia san chóigedh nó thángadar. Óir ní mó nó mo chuid-si do chrích Bregh ⁊ Midhe millfighther leó² don chur sa don chóigedh. ⁊ sechnadh sé don dul sa imdell Mheidhbhe ⁊ draoidhecht³ dona do-iongabhála Clainne Cailitín ⁊ aingidhecht Oilella mheic Maghadh ⁊ feidhm⁴ ro-nertmar cheithre n-ollchóigedh a n-aonmagh 'na aghaidh-sion 'na aonar. Dóigh is éision do mharbh Finn² mac² Rosa a ccath Fionnchoradh .i. rígh Laighen, ⁊ as é do mharbh Fraoch mac Fiodaigh .i. rígh gusmar gargbeódha na gabhanraidhe⁵ mar an ccédna. Is leis fós do thuit Derg mac Con Raoi ⁊ drong mór do mhaithibh Mumhan 'na thimchiall, ⁊ do thuit leis Carbre Nia Fher a ccath Ruis na Ríogh, ⁊ do cuireadh leis ár bfer mBreghe ⁊ Midhe isan chath chédna sin. Is leis a thuit dá nd-éis sin uile, sgéal ba mó nó gach sgéal, .i. Cú Raoi mac Dáire, airdrígh an domhuin ⁊ trénrígh dhá chóigedh Mumhan ⁊ cosnamhach⁶ fher an talmhan uile. Is é fós do mharbh Fercheirtne⁷ ⁊ Fiamain Mór ⁊ Fiamhain Mál, Lí ⁊ Lughaidh, Loch ⁊ Lochbhuinn go mórár Mumhan maille friu, gurab aire sin is cóir dó-san tre chomarle Chathfaidh ⁊ a chomhdalta⁸ ⁊ ar mo bhennachtain-si ⁊ ar bhennachtain Uladh uile, iomgabhadh iad don chur sa.'

8. Tháinig Leabharcham go hathlam leisna haithesgaibh sin airdrígh Uladh ⁊ tháinig mara raibh Cú Cholain ⁊ is ann do bhí Cú Chulainn an lá sin idir Ochaoin ⁊ muir ag foraire¹ for éanlaith. Cíodh trácht,

² om. K. ³ draoidhechta K. ⁴ feithim K. ⁵ ngamhanraidhe K.

⁶ cosnamhail K. ⁷ farcheirtne K. ⁸ comhdhaltaidh K.

8. ¹ Sic G. filiuse (?) K.

gérbh' iomdha é an lá sin ós a *chend*, do-chuadar uile iomslán uadh-san. Is ann sin tháinig Leabharcham aran láthar mara raibh Cú Chulainn ⁊ ferus an Cú fáilte fria.

'Is tairisi linne an fháilte sin,' ar Leabharcham, ⁊ is amhlaidh do bhí sí ⁊ a tenga ar tibernsain² ina *chend* ⁊ a ruisg ar foluamhain ⁊ a boill uile ar coimhchrioth, ⁊ do fhiafraigh Cú Chulainn *sgéala dhi*³.

Is ann sin do innis Leabharcham uile *gach* ní adubhradh ria .i. : 'Atáid maithe ⁊ móruaisle, bantracht ⁊ banála, ⁊ ollamna Uladh uile dod atach ⁊ dod edarghuidhe ioman mórshluaghadh sin fher nÉirenn do shechnadh don torann⁴ sa ⁊ Dún Dealgan ⁊ Magh Muirtheimhne imghabháil ⁊ gan dul eotarradh at aonar a n-égcomhlann rea n-aghaidh.'

9. 'Rachaidh sinne,' ar Laogh mac Rianghabhra, 'mara bfuil Eamhior inghen Fhorchoill Monach.' ⁊ do imthig¹ Cú Chulainn roimhe go Dún Dealgan, ⁊ tugadh Eimer chugh[tha] arin² faitchi² ⁊ do-rónad comairle leó, ⁊ is í comairle tug Emir ⁊ Láeg mac Riangabra ⁊ maithe Ulad archeana dó, in chomairle tugadar Conchubar³ ⁊ Cathfad ⁊ Ulaid³ do dénam ⁊ dul co hEmain, mara rabadar⁴ maithe Ulad im Chonchubar 'sa Ches Náinden. ⁊ is í sin comairle do cinnedh leis don chur sin, *gérba* lesc leis a dénam, óir nír folmaignedh Mag⁵ Muirtheimne ⁊ Dún Dealgan ⁊ crícha Cuailgne roime sin riam ó do chét-gabhsan a thigernas⁶ co toicemail co háes na huaire so. ⁊ do tógbad Emir ina charbad⁷ ⁊ do folmaigned in dúnadh co deifirech⁸ leó ⁊ do theich⁹ a n-almha¹⁰ ⁊ a n-innile¹¹

² tibernsl— K. ³ ⁊ as e adubhairt an laoi ann (*follows poem* : A Leabharcham luaimuech, a eachlaigh ard uaibhrech) *add.* K. ⁴ chur G. *Leg.* turus ?

9. ¹ imghid K. ²⁻² Here E begins. arin faiti E. ³⁻³ Sic K. Ulaid Conchubar ⁊ Cathfad E. ⁴ rabudar E. ⁵ mad E. ⁶ tiagernas E. ⁷ carbud E. ⁸ deifir E. deifrech K. ⁹ tsheith E. theithedar KG. ¹⁰ nalbha E. ¹¹ inile E.

fo Sliabh Chuilinn fothuaidh¹² i¹³ nUltaibh. ⁊ táinic Cú Chulainn co hEmain Macha, ⁊ do scuireadh an eich ⁊ a charbad⁷ ⁊ do cuireadh in Liath Macha ⁊ in Dubh Sailinn ar férgort gabála, ⁊ do-chuaidh Cú Chulainn ina¹⁴ grianán.

10. Do-chuala Conchobar co táinic Cú Chulainn 'sa dúnadh ⁊ do-chualadar banntrachta ⁊ bandála¹ a thecht, ⁊ do éirigh muirn² mór ⁊ medair álainn uraibhinn ⁊³ sedán subach soforbhaílidh a solusbruidhnibh⁴ finnmóra fairsinge⁵ na hEmna uile ar chloistin in sceoil⁶ sin. ⁊ adubairt Conchubar re filedib⁷ ⁊ re hollamnaib na hEmna uile ⁊ banutrachtaib in chúigidh archena Cú Chulainn do chomairliugud ⁊ do chomét co díchra dúthrachtach don dula sin.

'Dóig is [or]raibh-si ná⁸ tabra⁸san⁹ érad¹⁰ ná eittech ná le héigin dá¹¹ hanbhuaime¹¹ dá tarrla cuici do ló ná d' aidche riam. Óir atáthar¹² 'gá tarrngaire re trémsi do bliadnaib comad don mórsluagad so do-rónad le Medb ⁊ le feraibh Érenn uile ⁊ le cumachtaibh⁹ Clainne¹³ Cailitín, co muirfidhi hé¹⁴ gan amras, gurob aire sin is cóir daibh-si bur n-inntlecht ⁊ bur n-ealada do chathim imna cúsaibh sin. Dóigh dá¹⁵ tuit¹⁵sin don turus sin, do thuitimarne uile, ⁊ do thuit cosnum ⁊ conách in chúigid¹⁶ co bráth¹⁷ 'na diaidh¹⁸.'

'Is fir sin,' ar Cathfad ⁊ arsa cách uile, ' ⁊ rachanne dá innsaighe¹⁹,' ar Geanann, 'gin²⁰ co fuil tarbha sa te[sairghain sin.]' ⁊ do-chuadar na filidh ⁊ na banntrachta annsan grianán [a raibh Cú Chulainn] ⁊ Eimir, ⁊ do toirbiredh teóra póga dó ⁊ do suidedar na filidh

¹² botuaigh E. ¹³ a E. ¹⁴ ana E.

10. ¹ bannala E. ² Sic KG. murar— E. ³ Sic K. om. E. ⁴ solusbruidhnibh E. ⁵ Sic K. fairsinga E. ⁶ seoil E. sgeoil K. ⁷ filed E. ⁸⁻⁸ nach ttibhra K. ⁹ sin E. ¹⁰ era E. ¹¹⁻¹¹ da hanbhuaime E. no re hanbhuaime K. ¹² Sic G. athar E. ¹³ clainni E. ¹⁴ Sic E. om. K. ¹⁵⁻¹⁵ do tuit E. da ttuitech K. da dtuiteadh G. ¹⁶ cuigi E. ¹⁷ brach E. ¹⁸ diaigh E. ¹⁹ innsaidhe E. ²⁰ gian K.

γ *in banntracht* γ áes ciúil γ [oirfide γ ceirde an] baile 'na *thimchill* γ do-rónadh aibhnis γ [ealadna] γ *urgair-diugud* γ *imirt* γ ceól γ cluicheda ina *fiadnaise*²¹ dá *urbrégrad*. γ a *n-imthús* conuigi sin.

11. Dála [fer nÉirionn] *tángatar rompo* co hÁth Alad a *Muirthemne* γ do *gabadar longphort ann*, γ do léigidar¹ *sirtha lethna lánd*[iana] *luathbidba leó fana críchaibh* 'na *comthimchill* γ do *crea*[chad γ] do *comrébad Mag*² *Muirtheimne* γ *Dún Dealgan* γ *Machaire Conaill* [γ *tugadh*] co hÁth Alad a *finn-Magh*³ *Muirtheimne* na *creacha comóra* sin. Is *and* sin *tucadh Clann Cailitín dochum fer nÉrenn*.

'Do⁴ *geallabhair*, a *Chlanna Cailitín*,' ar *Medb*, 'Cú *Chulainn* do *thabairt cum fer nÉrenn* a *cinn trí lá* γ *trí n-oidchi*⁵.'

'Má do *geallamar*, *comeólumaid*⁶ gan *chuntabhairt é*.'

12. Is *and* sin do éirgitar *teóra hingena*¹ *corpainmecha claenbuaidirtha Cailitín* .i. *trí badhba sirthacha siublacha sin*, γ *trí hamaidi*² *dubha duaibsecha drochdathacha*³ *diablaidi*, γ do *gluaisidar rompa* co *rémemail ro-étrom* le *láemannaibh*⁴ na *luathgáithe* co *lúthgáirech*, co *rángadar* co hÉmain gan *amarus*⁵ γ do *suidhidar* na *trí fuatha feósacha fígráinamhla sin* ar *faitchi*⁶ na hÉmna co *huathfásach* γ do *buailidar for*⁷ *férgrian*⁸ na *faitchi*⁹ *fíruane dá*¹⁰ *chaithimh*¹⁰ ina *timcheall*, cor *dealbatar cathbuidhne commóra* do *sluagaib* γ do *sochraidhibh*¹¹ do *gasánaibh siublacha*¹² *sanaisi*¹² γ¹³ do *bolgánaibh buaidhirta bélceo*¹⁴ γ do *duillebar*

²¹ *fianaise E.*

11. ¹ *ligidar E.* ² *mad E.* ³ *finnmadh E.* ⁴ *de E.* ⁵ *noidhci E.* ⁶ *Sic E. coimhliónfam K.*

12. ¹ *Sic K. ingen E.* ² *Sic K. haimide G. h-arriidi E.* ³ *drochdatha E.* ⁴ *Sic E. nealluibh K. laomannaibh G.* ⁵ *Sic E. imresain K. om. G.* ⁶ *faithi E.* ⁷ *fon E. fa K. ar G.* ⁸ *grianan E. ferghrian K. fer fíruaine G.* ⁹ *faithi E.* ¹⁰⁻¹⁰ *do cathaibh E. da chaithiomh K.* ¹¹ *scoraidhe E. sochradibh K.* ¹²⁻¹² *Sic K. suaithne sonairti E. sanais G.* ¹³ *Sic K. om. E.* ¹⁴ *Sic E. bealcheo K. beilce G.*

[dath]álainn dairbri, ⁊ do-chuala Cú Chulainn gáir na cath ⁊ na . . . ¹⁵ ⁊ na córthe ic lot ⁊ ic luathmilled in dúnaidh.

13. [Is é] do bí ac¹ coméd *Con Culainn* in lá sin Genann Gruadsolus mac Cathfaid [⁊ do] féch Cú Chulainn amach arin faitchi² ⁊ do chonnaic [na catha ag com]thuargain a chéile gan coigell. [Do him]dergad [go hiomarcach] . . . nairech³ uime sin, ⁊ aca aicsin do ling . . . ⁴ [b]orb ⁊ anfad meraiginta ann, ⁊ do chuir a lámh chlé [faoi chum éirghe⁵ dó ⁊] do chuir Genann a dá láim air⁶ co harrachtach [dá fastud⁷ ⁊ do chuir 'na shuidhe é].

'Truagh,' ar Cú Chulainn, 'dob fherr⁸ lium-sa ná ór in domain ⁊ maithes na talman bás d'fagbáil roime so ná hathais . . . ⁹ tar m'éisi. Dóig atá in senfocal cuim[nech] acam: Buaine bladh ná sáegal¹⁰.'

'Léic sechad¹¹ sin,' [ar Genann] Gruadhsolus, 'óir ní fuil acht¹² sáebhsluag sídhi¹³ ann súd ⁊ an gártha¹⁴ duaibhseach draídhechta¹⁵ do delbatar Clanna Cailitín ad chomair-si dod chelgad ⁊ dod chombuaidred.'

Do féch Cú Chulainn amach arís ⁊ do chonnaic na catha ina cóirthib cóirighthe¹⁶ móra amuigh arin mag¹⁷. ⁊ an darna fecht do féch amach, ⁊ do chonnaic sé groig¹⁸ Mic [Lir ar] in faitchi¹⁹. ⁊ ba geis dó-san a faicsin, ⁊ dar leis do-chuala cruit [meic] Manaind²⁰ aca seinm²¹ co suanbhinn sírrechtach. ⁊ ba geis dó-san éistecht risin ceól sin, ⁊ do aithin [ann] sin go fírdeimin gur coilled a gesa ⁊ gur brised a buada, ⁊ co táinic crích a chathréime.

¹⁵ *illeg.* E. *om.* K.

13. ¹ a E. ² faithi E. ³ *om.* K. ⁴ *illeg.* E. *om.* K. buinne borb-fach G. ⁵ eirigh E. ⁶ as E. na thimchiall K. ⁷ fhosdogh K. ⁸ err E. ⁹ *illeg.* E. ⁊ oil fhiaghrach mar so aga h-innsin oram K. ¹⁰ *poem in* K (*Cruit mheic Manair*). ¹¹ seochad E. ¹² ach E. ¹³ sighi E. ¹⁴ gathra E. ¹⁵ draigechta E. ¹⁶ coirithe E. ¹⁷ mad E. ¹⁸ groid E. ¹⁹ faithi E. ²⁰ manair KG. ²¹ sinm E.

14. Et is ann sin táinic Badbh ingen¹ Cailitín¹ ⁊ táinic a richt fennóigi ós cinn an grianáin a raibhi Cú Chulainn ⁊ adubairt briathra doilbthe ⁊ ní curiabh² ann so iat³. Agus⁴ do imthig⁵ in Badbh roimpe asa haithle, ó nár féid Cú Chulainn do breith lé.

Do gáiredar na sluaig amuigh⁶ arin faitchi⁷ aris in uair táinic in Badbh cucu, ⁊ do-chuala Cú Chulainn gáir 'mun⁸ Badbh ⁊ adubairt :

'Is truagh lium beth ag éistecht riana gárthibh so, a Genainn Gruadhsoluis,' bar Cú Chulainn, '⁊ in cedaighi dam na sluaigh d'innsaighi ⁊ na sciathbuidhne scáthbréigi so do scailed? Óir do thráethedar na tromgártha so mo threisi ⁊ do buaidridar na báethaimidi m'aigned ⁊ do mandar⁹ a mórdraídhecht¹⁰ mo nert ⁊ mo niadhachus¹¹ ⁊ do choll ceól na cruithi do-chuala ó chianuibh mo chuimne ⁊ mo chiall. ⁊ ruc mo lúth ⁊ mo láthar uaim banntreachta cáema corpgeala in chúigidh so fo churadaibh Connacht ⁊¹² Muimnech ⁊ Laigen ⁊ laoch Midhe¹² ac loscad ⁊ ac luathrébad críchi Cualgne ⁊ Muigi¹³ Muirthemne. Do coiled mo gesa uile ⁊ táinic comartha deridh¹⁴ mo sáegail don chur so¹⁵.'

'Léig sechad¹⁶ sin,' ar Genann Gruadhsolus re Coin Chulainn, '⁊ ná tuc dot¹⁷ aí¹⁷ ná dot aire na siangártha

14. ¹⁻¹ Sic K. ingi E. ²Sic E. (for cuiriub, Mod. Ir. cuirfead). ³The *reloric* is preserved in K: A Chu Cholainn, coimhiric, coimhiric. Caoinnach (leg. caointeach?) buirech for Bregmuighibh bes. Is col indredh Muirtheimhne, morairgthe Midhe. Ní do Chormac is comadhais a comhlenmhoin ar loinges fluair Fherghais, Tuitfidh Oillell, Lughaidh, ⁊ laoch Mhaic Niadh, Earc is Colla, is Conchubar, Meadhbh is Maine dot morruathar. Eirigh, iolchlesaigh, iolchreachtaigh, eachmhín, aithesaigh, a uath (leg. ua) Cathfaidh chloidhemdherg, a mheic toimimriúigh Muirtheimhne ar gargleó na nGalíanach. Doigh ro bhúisedar, ro ghairse:dar aicmeda echtrann iolcheneoil fan magh moradhbbhal. Na ro ti oic dot choimhfherg (leg. choimheirghe), a Chu Cholinn, a Chu. ⁴ et E. ⁵ ime E. ⁶ amuith E. ⁷ faithi E. ⁸ for imun, imon. ⁹ mananndar E. ¹⁰ mórdraighecht E. ¹¹ nighacus E. ¹²⁻¹² Sic K. a Muighnibh ⁊ a Laighnibh ⁊ a laech Midhe E. ¹³ muidi E. ¹⁴ derigh E. ¹⁵ thainig an Bhadhbh os cionn an ghrianain an dara fecht aga thogairm as Emhain amach ⁊ adubairt an laoi (poem: Eirigh a Chú Chulainn) add. K. ¹⁶ seochad E. ¹⁷⁻¹⁷ dod tai E. Leg. dot úidh.

sáebhmíllti sídhi¹⁸ so na *mbrégsluag* náid cleasa cealghuaibsecha *Clainni Cailitín* 'gud mescadh ⁊ 'gud buaidred. Dóigh atáit re *secht mbliadnaib* ac iarair in domain ac dénam *draídhchehta*¹⁹ fa²⁰ *chomair tusa* do *thuitim leó-san* ⁊ leisna harmuibh tugadar leó ⁊ le mórnert *ceithre n-ollchúiged Érenn* atá ullum inmillti ar do *chind-sa* a Mag²¹ *Muirthemne*. Sechain iad co cenn *trí* lá ó'niu²² ⁊ rachaid an *draídhcheht*²³ ar nefní ⁊ erróchaid cumachta cathfer dod *chabur-si*, ⁊ ticfaid *Conall gan cuntabairt a críchaibh Cruithne* dot *fhurtacht*²⁴ ⁊ dot *fhóirithin*²⁵ dá ndernair²⁶ mo *chomairle* don *chur* so, .i.²⁷ gan²⁷ fuirech re *fellcherdaibh*²⁸ fallsa *fuarchraidecha corpainmighi Cailitín* do dul tara n-ais a n-anbhfainde²⁹ ⁊ a n-anarrachtus, ⁊³⁰ *badh lán*³⁰ in bith dod *buadaibh* co *bruinne bratha*³¹ ⁊ *betha* 'cá n-aithris ⁊ 'gá n-innisin³².'

⁊ do gab *Cú Chulainn* do láim co n-anfad arin *chomairle sin*, gidh³³ go³³ *ticfed sáegal* a³⁴ einigh ⁊ a engnamha³⁴. ⁊ do *canadh* ceóla *caínmillsi* ⁊ *ealada*³⁵ uaisli *ingantacha*³⁶ dó, ⁊ do *bátar bantrachta* ⁊ *bandála*³⁷ ac *fledhól* ⁊ ac *fithchellacht*³⁸, ac *muirn* ⁊ ac *medhair* dó gach *tháebh uime*.

15. Do imthigedar¹ *Clanna Cailitín* rompa ⁊ ní rucatar *Cú Chulainn* leó in lá sin. ⁊ tángadar co longphort fer nÉrenn ⁊ do *fiarfaigedar maithe fer nÉrenn scéla Con Culainn* díbh. 'Do éim aniu hé,' *bar Clann Cailitín*, '⁊ *dobéram amáirech linn hé*.' ⁊ do *anadar* in *oidchi*² sin ⁊ do *éirgidar trí mic Cailitín* co *moch arna máirech*.

Rángatar na *harrachta frithaire sin* ⁊ na *sillidi lethlámhacha*³ *lethcháecha lumluirgnecha lecanbuidhi*

¹⁸ sighi E. ¹⁹ draighechta E. ²⁰ ⁊ fa E. ²¹ mad E. ²² oniugh E. ²³ draigecht E. ²⁴ urtacht E. ²⁵ oirithin E. ²⁶ nernair E. ²⁷⁻²⁷ Sic K. ⁊ E. ²⁸ felcerdaibh E. ²⁹ nanmbainde E. ³⁰⁻³⁰ Sic K. ³¹ bracha E. ³² indussin E. ³³⁻³³ Sic K. ³⁴ acht gido E. ³⁴⁻³⁴ Sic K. ³⁵ aelada E. ³⁶ ingachantacha E. ³⁷ bannala E. ³⁸ fithallacht E.

15. ¹ imgidar E. ² oidhci E. ³ lethlamha E. ⁴ leidmhecha K.

γ na trí haimidi delbgrána dathuathmara co deifirach ar druimne na diangaíthe, no go rángatar co faitchi⁴ na hEmna γ do thúrnadar arin faitchi⁴ γ do delbhatar⁵ ruadchatha⁶ ro-móra do bolgánuibh beici⁷ γ do duillebar na dairbri γ do cuiridar na catha comóra sin [slaoighe γ ardgártha]⁸ co gáibthech guasachtach⁹ co clos¹⁰ co cianaíbsech fona críchaibh na crithnaigthe sin.

16. Is orro tucadh coiméd Con Culainn in lá sin ar ingenaibh rígh γ taísech Uladh γ ara cháemlennán féin .i. ar Néim ingen¹ Cealtchair mic Uithechair². γ dorinnedar³ na mná comairle in lá sin cindus do-géntais⁴ Cú Chulainn do choimét, γ is í comairle do-rinnedar⁵ Cú Chulainn do breith leó a nGlenn na mBodar⁶. Dóigh dob inad daingin do-eólais in dubglenn sin. γ tángadar na bandála dá bhrégadh⁷ leó asin baili amach, conach bedh ac éistecht re buaidhir na mbadbh ná re gárthaibh na n-aimidi aca⁸ aidhmilledh γ⁹ aca⁸ greannugud¹⁰ a cenn a bidhbad. γ táinic Niam ingen Cealtchair dá innsaighi γ do ráid¹¹ ris :

‘A mic inmain, is dúin-ne¹² tucadar Ulaid γ Conchubar do choiméd-sa aniu¹³ γ tarrsa lium-sa γ leisna banntrachtaibh, co ndeachmais d’ól γ d’aibhnis conigi mo dún-so, óir atá deoch agum-sa, γ is coimde¹⁴ duit¹⁴ a hól.’

γ táinic sé lé amach asin grianán γ rugadar leó hé co Glenn na mBodar. γ mar do chonnaic sin hé, do aithin gurb é Glenn na mBodar do chonnaic. ‘Truag sin,’ ar Cú Chulainn, ‘Glenn na mBodar so, γ nacha rachsa ann co bráth¹⁵.’ γ ní fada do bí mar sin.

⁴ faithi E. ⁵ gelbhtar E. ⁶ ruachatha E. ⁷ Sic E. bece K. beilce G. ⁸ Sic K. om. E. ⁹ guassacht E. ¹⁰ glos E. cclos K.

16. ¹ ingi E. ² cuithechair E. ³ dorindidar E. ⁴ dorinnsat K. doronsat G. ⁵ dodendais E. ⁶ mbogar E. Sic pass. ⁷ Sic KG. mbregedh E. ⁸ acan E. aga K. ⁹ Sic K. om. E. ¹⁰ ghresacht K. ¹¹ raigh E. ¹² duine E. ¹³ aniubh E. ¹⁴⁻¹⁴ coime duit E. coimhed duit K. ¹⁵ brach E.

17. In uair sin¹ do dealbadar Clanna Cailitín catha comóra timchill in glenna ⁊ do tadbhas² dó-san in crích uile ina conair creach ⁊ ina ceidi³ coitchind⁴ cuarth-*aighthi* ⁊ ina háengáir comarc ⁊ caismerta gombo treithi meraighthe⁵ in míled don mórgleó sin. ‘Truag sin, mo thoisc ⁊ mo thurus leisna mnáibh dom basgad ⁊ dom báeghlugud⁶ a n-égmais m’arm ⁊ m’ech ⁊ m’édedh co ndech díim fostad na creach ⁊ na cumasc arna cathaibh ⁊ do choiméd in chúigid.’

Táinic roime cum na hEmna. ‘Gabthar m’eich dam ⁊ innillter mo charpud, co n-innsaighter fir Érenn.’

‘Tucuis briathar dam-sa,’ bar Niam, ‘ná racha d’innsaighi fer nÉrenn no go tucainnsi ced duit.’

‘Má tucus, ní rach,’ ar éisim.

⁊ tángatar rompo asin baile amach, ⁊ táinic in mac ba sine do macaibh Cailitín os cinn in grianáin. Do éirigh Cú Chulainn ⁊ tuc a láim faí ⁊ do iadh Niam a dá glaic uime ⁊ do chuir ina suidhi⁷ é.

‘An agum-sa,’ ar Niam, ‘⁊ comhail⁸ do luighi.’ Do suidh⁹ Cú Chulainn co hacbélach¹⁰ ⁊ do imthigedar¹¹ Clanna Cailitín, ó do choncadar Cú Chulainn arna fastud¹². ⁊ tángatar cum longphuirt fer nÉrenn.

‘In tucabair¹³ Cú Chulainn libh againd?’

‘Ní thucamar,’ ar iat-san; ‘muna tucam amáirech cugaibh-si hé, beraidhsi na sé cinn so dínn.’ Do eisidar in oidchi¹⁴ sin.

18. Imthús Conchubair isin maidin arna máirech tucad¹ Cathlad ⁊ Genann Gruadhsolus ⁊ na draíghthi uile dá innsaighi ⁊ do fiarfaig Conchubar cá coiméd dobértais² ar Choin Chulainn in lá sin.

‘Ní fhedamar³,’ ar iat-san uili.

17. ¹ om. E. ² tabhas E. taibhredh K. ³ ceidhi E. cae K. ceada G. Cf. *Battle of Mag Lena* 80, 12. ⁴ coittcind E. ⁵ meraidhthe E. ⁶ baedhlugud E. ⁷ suighi E. ⁸ Sic K. coimill E. ⁹ suigh E. ¹⁰ hac melach E. ¹¹ imgidar E. ¹² fasdogh E. ¹³ tucamuir E. ¹⁴ oidhci E.

18. ¹ tuc F. tugadh K. ² doberdais E. ³ elamar E.

‘Do *fhétarsa*⁴,’ ar *Conchubar*: ‘berid libh a nGlenn na mBodar aniu⁵ é, óir is ime aderar Glenn na⁶ mBodar⁷ ris: *da mbedais*⁸ *fir Érenn* uili ‘na *thimchill*, ⁊ *gártha catha* ‘*gá*⁹ *cur* ós aird dóib, ní *chluinfed áen duine dá mbedh* isin glenn iad¹⁰. ⁊ *dá mbedais* na *gártha cétna* ‘*gá cur* isin glenn, ní *chluinfed áen duine dá mbedh* táebh amuigh¹¹ don glenn iad. *Gurob* aire sin is cóir daíbh-si Cú *Chulainn* do breith lib isin glenn sin, ⁊ *coiméid* aniu⁵ é co fáthach *fírintleachtach*, no co tí nert isin tsén ⁊ isin *tsoladh*¹² ⁊ no co tí *Conall* a críchaibh comóra *Cruithnecha dá chabur*.’

‘A *airdrígh*,’ ar *Niam*, ‘nír *fháem*¹³ *orum-sa* ⁊ *arna bantrachtaibh* uili dul isin glenn sinn ‘*gá edarguidhi cor*¹⁴ *in cháemláe*¹⁴.’

‘*Eirged Cathfad* ⁊ *Genann Gruadhsolus* ⁊ na *filid* uili ⁊ na *bantrachta leth*¹⁵ ar *leth*¹⁵ le hEimir cuigi, ⁊ *beridh* isin glenn é ⁊ *dénaidh ól* ⁊ *aíbhnis* ⁊ *ealada*¹⁶ dóibh, conach *cluinfidh sé gresacht* na *sluagh* aca *chombuaidred*.’

‘Ní *rachsa leó*,’ ar *Emir*, ‘‘sa *nglenn* ⁊ *eirged Niam* leis ar mo *bennachtain*-si, uair is í is *docra* leis d’*érad*¹⁷.’

⁊ is í sin comairle arar *chinnidar*.

19. ⁊ *tángatar mná* ⁊ *macaím* ⁊¹ *filid* ⁊ *ollamain* in *chúigid* uili dá *innsaighi*², ⁊ *Cobthach*³ *Ceólbinn* in *cruitire* dá *innsaighi*⁴ do *chanamuin* ciúil dó, ⁊¹ *Fercertne file* ina *farrad* aca *imchoiméd*, ⁊ *táinic Cathfad* ósa *chinn*, ⁊ do *gab* aca *attach*, ⁊ do-*chuaidh annsan imdaigh maille*⁵ ris⁵, ⁊ do *thoirbhir teóra*⁶ póg dó co *díchra dúthrachtach*, ⁊ ‘a *mic inmain*,’ ar *Cathfad*, ‘*tarr lium-sa aniu*⁷ d’ól mo *fledhi*-si, ⁊ *ticfait* na *mná* ⁊ na

⁴*etarsa* E. ⁵ *aniugh* E. ⁶ *da* E. ⁷ *bogar* E. ⁸ *mbeddais* E. ⁹ *do* E. *om.* KG. ¹⁰ *sin gair* no *gredach* da *mbiadh* ina *thimchiall* K. ¹¹ *amuith* E. ¹² *Sic* K. *tsolum* E. ¹³ *aem* E. *fhaom* K. ¹⁴⁻¹⁴ *car* an *caoimhlaoi* K. *om.* G. ¹⁵ *leat sa* ⁊ *le* K. ¹⁶ *aelada* E. ¹⁷ *era* E.

19. ¹ *om.* E. ² *ninnsaighi* E. ³ *cobhtach* E. ⁴ *innsaidhi* E. ⁵⁻⁵ *Sic* K. *faris* E. ⁶ *teor* E. ⁷ *aniugh* E.

flid uili lind 7 is geis duit⁸-si fleid do érad⁹ ná d'ingabáil¹⁰.'

'Truagh sin,' ar Cú Chulainn, 'ní maith in trácht óla ná aíbhnaisa dam-sa anois, 7 ceithre hollchúigid Érenn ac loscad 7 ac luathargain in chúigid, 7 Ulaid¹¹ 'sa ches naíden¹², 7 Conall a críchaibh allmurach. 7 atáit fir Érenn agum athisugud-sa 7 acum imdergad 7 'gá rád gurob ac teiched¹³ rompa atúsa. 7 gidh edh sin, muna bethtasa 7 Conchubar 7 Genann 7 na filid, do rachainnsi 7 do-bérainn dianscaíled námad¹⁴ orro, comad lia a mairbh náid a mbeó.'

7 do gab Emir 7 na mná uili 'gá attach 7 is ed ro ráidsid¹⁵ ris: 'A Chúgáin,' bar sí, 'nir thoirnescisa toisc ná turus dá¹⁶ n-ucais¹⁶ riam co háes na huaire so. Dén orm-sa, a¹⁷ chédsherc, 7¹⁷ a grád áenrogha tochmairc¹⁸ d'feraibh in domain 7 a áenlennáin bann-trachta 7 filed in domain 7 Érenn uile, dul le Cathfad 7 le Genann 7 le Néim ingin Cealtchair d'ól¹⁹ na fedi atá²⁰ ac Cathfad fad chomair.'

7 tug Niam a haiged fair 7 do gab ac²¹ guidhi²¹ co glic glórmilis, 7 do éirighsin leó co haidhlesc, 7 tángatar sa nglenn.

'Truagh sin,' ar Cú Chulainn, 'fada atúsa ac²² sechnad²³ in glenna so, óir ní thánag²⁴sa riam a n-inad bu fúaiti²⁵ lium-sa ná sé, 7 aderaid fir Érenn gurob ac teiched¹³ rompu féin tánagsa ann,' bar Cú Chulainn.

7 tángadar²⁶ rompo sa rígbuidhin²⁷ ro-móir do-rónad le Cathfad fana chomair sin. 7 do scuiredh in Liath Macha 7 in Dub Sailinn ar urlár²⁸ in glenna, 7 do suidh²⁹ Cú Chulainn ar slis rígh na bruidne³⁰, 7 do suidh²⁹ Cathfad, Ferchertne, 7 na filid don leth aile

⁸ duitt E. ⁹ era E. ¹⁰ ingubail E. ¹¹ Sic K. iad E. ¹² naighen E. ¹³ teited E. ¹⁴ namud E. ¹⁵ do raidh an rioghan K. ¹⁶⁻¹⁶ dar thograis K. dar thionnsgnais G. ¹⁷⁻¹⁷ Sic K. uncertain E. ¹⁸ Sic K. tocmurairc E. ¹⁹ dul dol E. ²⁰ Sic K. om. E. ²¹⁻²¹ guibhi E. ²² Sic K. ar E. ²³ sechna E. ²⁴ tanug E. ²⁵ lugha KG. ²⁶ tangaradar E. ²⁷ ribruighin E. ²⁸ uurlar E. ²⁹ suigh E. ³⁰ bruinge E.

do³¹ *Choin Chulainn*, ⁊ do suidh³² *Niam* ⁊ na bann-trachta don leth *aile*, ⁊ do suidhitar³² a lucht canamna ciúil ⁊ oirfide³³ arin slis *aile* ara n-aigid. ⁊ do gabadar ac³⁴ *cathim*³⁴ ⁊ ac ól co ceólmar cluichemhail³⁵, ⁊ do thógatar *muirn* ⁊ *medhair* adbul. A n-imthús conigi sin.

20. Imthúsa *Clainni Cailitín* do-berar cos-aird¹.

Tángatar *teóra* hingina corrlámacha² *Cailitín* co faitchi³ na h*Emna*, ⁊ do-chuadar mara fácatar *Cú Chulainn* in oidchi⁴ roime, ⁊ ní fuaradar *Cú Chulainn* ann. Ó nach fuaradar, do siredar⁵ *Emhain uile* ⁊ ní fuaradar é. ⁊ dob ingnad leó gan *Cú Chulainn* do beth a farradh *Eimire* nó *Conchubair* nó curadh in chúigidh archena. ⁊ do aithnighedar co hurmaisnech gurob iad cumachta *Cathfaid* do bí 'gá folach forra. ⁊ do éirgitar co hénamail áerda⁶ ⁊ do chuarthuigedar in cúiged co coitchinn⁷ 'gá iarair no go rángatar ós cinn *Glenna* na⁸ *mBodar*⁸, ⁊ do chonncatar in *Liath Macha* ⁊ in *Dub Sailinn* co⁹ sídhamail¹⁰ ar urlár¹¹ in *glenna*, ⁊ *Láegh mac Rianganbra* ina farrad dá forcoiméd, ⁊ do aithnitar co roibh *Cú Chulainn* sa *glenn*, ⁊ do-chualadar fogur ⁊ ceól na filed a timchill *Con Culainn*. Do thinóiltar *Clanna Cailitín* ann sin fothannáin coch-lacha clúmgéra ⁊ bolgáin barrétroma beici¹² ⁊ duillebar feóghte¹³ foluaimnech na fidhbaide, co nderrnatar óig imda édigthe¹⁴ díb, conach roibhi cnoc ná tulach timchill in *glenna* nach roibhi lán do chétaibh ⁊ do chathaibh ⁊ do chóirtheibh, go clos co nélaib nime ⁊ co fraigtheibh¹⁵ na firmaminti na gártha¹⁶ gráinemla groidmera do thógatar *Clanna Cailitín* 'na timchill, gurbo lán do

³¹ don E. ³² suighitar E. ³³ oirfidi E. ³¹⁻³⁴ acathamh E. ag aithedh K. om. G. ³⁵ cluithamail E.

20. ¹ os aird festa K. ² claondhalacha KG. ³ faithi E. ⁴ oidhce E. ⁵ siritar E. ⁶ aera E. aoirde K. ⁷ coittcinn E. ⁸⁻⁸ da bogar E. ⁹ om. E. ¹⁰ sighamail E. ¹¹ uurlar E. ¹² bheaga K. beilce G. ¹³ feoghi E. om. K. ¹⁴ edigi E. eidighthe fana n-arm gaiscidh K. ¹⁵ fraightib E. ¹⁶ Sic K. gara E.

chnedaibh ⁊ do *chreachaibh*, do *loscad* ⁊ do *luathgholaibh* ⁊ do *béicib stoc*¹⁷ ⁊ *adharc in crích* co *coitchinn*⁷ *dona cumachtaibh sin Clainni Cailitín*. ⁊ *mar do-chluindis na bantrachta na buangártha sin*, do *léigdis*¹⁸ *féin ardgartha aile* 'na *n-aigid*, ⁊ *gidh ed chena*, do-*chuala Cú Chulainn* na *gartha sin ní is mó ná do-chuala cách*.

'*Truagh sin*,' *ar Cú Chulainn*, '*is mór na gartha so do cluinim ac feraibh Érenn ac*¹⁹ *crehad in chúigid co coitchinn*⁷ ⁊ *táinic crích mo chathréime de so ⁊ [tairn]ic in cúiged co bruinne brátha*²⁰ ⁊ *betha fós*.'

'*Léic sehad sin*,' *ar Cathfad*, '*ní fuil acht*²¹ *sáebshuaigh siublacha sedán*²² *ann*²² *do dealbadar*²³ *Clanna Cailitín cucut-sa*, ⁊ *ní fuil*²⁴ *acht*²¹ *ferbacha bréigi ann so*, ⁊ *ná tabair dot uídh*²⁵ *ná dot aire iad*.'

⁊ do *gabadar*²⁶ *ac ól ⁊ ac oirfided seal aile*, no cu *cualadar* na *mórgártha amuigh*²⁷ do²⁸ *thógbhadar Clann Cailitín uman glenn*²⁸ *arís*. ⁊ *mar do-chualadar a roibhi ag*²⁹ *faire*³⁰ *Con Culainn*, do *thógatar féin gárrtha*³¹ ⁊ *imresna*³² ⁊ *imirta im Choin Chulainn*, ⁊ do *tuirsigedh*³³ *fa deóid*³⁴ *Clann Cailitín*, ⁊ do-*chuaidh díbh nach*³⁵ *raibh toradh dóibh a n-aonní dá ndraoidhecht*³⁵ *tar Cathfad ⁊ tarna bantrachtaibh*.

21. '*Dénid*¹*si anmain annso ac*² *comórad na cath*,' *ar Badhbh ingen Cailitín rena dís derbhsethar*³, '*co ndechar*⁴*sa sa nglenn ar chenn Con Culainn*, *gidh bás do gébh de*.'

⁊ do-*chuaidh roimpe co brégnáirech cum na*

¹⁷ sdoc E. ¹⁸ ligdis E. ¹⁹ a E. ²⁰ bracha E. ²¹ ach E. ²²⁻²² sedhanbann E. sanuisi K. ²³ deal-budar E. ²⁴ fail E. ²⁵ aigh E. ²⁶ gabudar E. ²⁷ amuith E. ²⁸⁻²⁸ Sic K. aca medocar ac a mned ⁊ a Clann Cailitín E. ²⁹ om. E. ³⁰ fare E. ³¹ Sic K. caint E. ³² imrisna E. ³³ Sic K. torisiedh E. ³⁴ deoigh E. ³⁵⁻³⁵ Sic K. nar feidir leo Clann Cailitín E. *Before nach, prob. a few words lost: (they failed[and understood] that it was no use to them, etc.*

21. ¹denaigh E. ² a E. ³Sic K. derbhthur E. dearbhrrathar G. ⁴ nachar E.

bruidhne⁵ ⁊ do-chuaidh a richt mná do mnáibh Néime istech ⁊ do goir lé amach in rígan. ⁊ do-chuadar drem mór dona mnáib leisín ríghain ⁊ ruc Badb le cumachta ⁊ le cealgdraídhecht mar sin seal fada ón bruidhin⁶ iat, ⁊ do chuir ar cheó meisci ⁊ mearaighi iat ar fut in glenna, ⁊ do chuir ceó draídhechta etora⁷ ⁊ in bruidhin dá éisi, ⁊ táinic féin uatha⁸, óir do bí a fis aigi co tug Niam briathar ar Choin Chulainn nach rachad⁹ d'innsaighi fer nÉrenn no co tugad sí féin ced dó. ⁊ do chuir Badb dealb Néime uirri féin ⁊ táinic mara roibhi Cú Chulainn, ⁊ do ráidh¹⁰ ris na sluaig d'innsaighi, ⁊ 'a anam¹¹, a churaidh ⁊ a chathmílid ⁊ a Chúgháin,' bar sí, 'atá Dún Delgan arna losgad ⁊ Mag Muirthemne ⁊ Machaire Conaill ⁊ in cúiged uile arna argain, ⁊ rángadar na sluaig co hEmain, ⁊ is orm-sa do-béraid maithe in chúigidh achmusan t'fhastud¹² gan do léigin¹³ do dígail a críche ⁊ d'imfastud¹⁴ na sluaig. ⁊ atá a fis acum fós co firindach co marbfa Conall mé umgan do léigin-sa¹³ d'anocal in chúigidh ⁊ d'innsaighi fer nÉrenn archena.'

'Truagh sin, a Niam,' ar Cú Chulainn, 'docair táebh do¹⁵ thabairt¹⁵ re mnaí dá éisi sin, ⁊ do saílius¹⁶ nach¹⁵ ttiubharthasa¹⁵ in ced sin dom ar ór in domhain ⁊ ar maithius¹⁷ na cruinne, ⁊ ós tusa cedaighis dam dul a ndáil n-ímnidh¹⁸ ⁊ édualaing¹⁹ a n-aigid fer nÉrenn uile, rachadsa²⁰ ann,' bar Cú Chulainn.

22. Is and sin do éirigh Cú Chulainn co hobann leisna hathescibh sin, ⁊ ag éirighi dó, tarra benn a bruit fa chois chlí, co tarra 'na suidhi¹ hé. ⁊ do éirigh² arís tre bidgad³ in basctha arna⁴ imdergadh uime. ⁊ do

⁵ bruidhne E. ⁶ bruidhin E. ⁷ attora E. ⁸ uathad E. ⁹ racha E. ¹⁰ raigh E. ¹¹ anaim E. ¹² tastoigh E. fad fhosdogh K. ¹³ liginsa E. ¹⁴ imfastog F. ¹⁵⁻¹⁵ Sic K. om. E. ¹⁶ sailis E. shaoiliosa K. ¹⁷ maitthis E. ¹⁸ nime E. neimhnidh K. ímnidh G. ¹⁹ nedualaing E. egcomhlainn K. éadualaing G. ²⁰ rachudsas E.

22. ¹ suighi E. ² ergidh E. ³ bigad E. bhiodhgadh K. ⁴ Sic K. am E.

scinn in t-eó óir do baí 'na bratt co ndeachaidh co feicci⁵ na findbruighne⁵, ⁊ ac tuitim dó anuas⁶, do-chuaidh⁷ trena⁸ through⁸ no go ráinic talam.

'Is fír sin,' ar Cú Chulainn, 'is bidba dealg ⁊ ní bidhba bratt, ⁊ atá ac tabairt rabhtha dam.'

23. Táinic Cú Chulainn amach asin¹ bruidhin² ⁊ do fógair do Láegh na heich do gabáil ⁊ in carpat³ do indeall. ⁊ do éirigh Cathfad ⁊ Genann Gruadhsolus ⁊ na banntrachta uili [ina diaidh] ⁊ do chuiridar a lámha uili and, ⁊ níir fétdadar ní no co rángadar asin glenn amach, ⁊ do gab Cú Chulainn ac féchain in chúigidh ar gach leth uime. ⁊ táinic in Badhbh uadha asa haithle sin, ⁊ do thógatar na gártha⁴ comóra cétna co hard ⁊ co huathfásach. ⁊ do-chuala Cú Chulainn, ⁊ is mór do thaidbhsitibh⁵ adhuathmara ingantacha do taisbénadh⁶ dó nach faicidh roime sin riam, ⁊ do athain ann sin gur coilled a gesa uili. Do gab Cathfad ann sin aca chennsugud do bhriathraibh maithe, ⁊ adubairt ris :

'A mic inmain,' ar⁷ sé, 'an orm-sa aniu⁸ amáin, gan dul a ndáil fer nÉrenn, ⁊ coscfedsa ó hoin amach draídhecht Clainni Cailitín dít⁹.'

'A oide inmain, ní fuil fáth m'anmana festa, ⁊ táinic mo sáegal, ⁊ do coilled mo gesa, ⁊ do chedaigh¹⁰ Niam dam dul a ndáil fer nÉrenn. ⁊ rachadsa¹¹ ann ó do chedaigh¹⁰.'

Ruc Niam ar¹² Choin Chulainn fan chomrádh :

'Truagh sin, a Chugáin,' ar Niam, 'ní thiubhrainn cedugud duit-si¹³ ar a fuil d'ór arin thalmain, ⁊ ní mé tug acht¹⁴ Badhbhingin Cailitín do-chuaidh am richt-sa cugat-sa dot¹⁵ mellad, ⁊ an orm-sa féin, a chara, ⁊ a cháemhlennáin.'

⁵⁻⁵ findbruighne E. feicci na rinnbrainne K. fiormhullach na bruighne G. ⁶ Sic K. aris E. ⁷ docuaigh E. ⁸⁻⁸ Sic K. trit E.

23. ¹ isin E. ² bruidhin E. ³ carbad E. ⁴ Sic K. gatratha E. ⁵ taibhsitibh E. ⁶ tатаisbenadh E. ⁷ a. E. ⁸ aniuigh E. ⁹ dít E. ¹⁰cedaidh E. ¹¹rachudsá E. ¹²arr E. ¹³duitsi E. ¹⁴ach E. ¹⁵Sic K. do E.

γ nír *chreid Cú Chulainn áenni dá ndubairt* γ do fuagair do Láegh na heich do gabáil, γ in carpat¹⁶ do *chórugud*, γ a *ilchlesa d'innill*.

24. Táinic Láegh roime do gabáil na hechraide γ nochan dechaidhsin riam uair ba leisci leis dul dá ngabáil ná sin. γ gidh *edh*, táinic γ nír *an* in Liath Macha ris, γ do *chroith* na srianta ara n-aigid amach, γ *mar do-chualadar* na heich sin, do theichedar¹ rompa. γ do imgabh² in Liath Macha fo *thrí* hé, γ do bí co fraochda³ forniata fris.

'Is fír sin,' ar Láegh, 'masa mana uile duit-si⁴ sin, is mana uile dam-sa, γ inand subachus γ dubachus dúin, γ dob annamh libh gus aniu⁵ nach a n-aigid na srian γ am' aigid-si do ticfed sibh.' γ do gab Láeg ag agallaimh in Léith⁶.

Nír *an* in Liath Macha re Láegh dá éisi sin, γ táinic Láegh d'innsaighi Con Culainn γ do innis dó nár *an* in Liath Macha ris. Do éirigh Cú Chulainn féin do gabáil in Léith, γ nír *an* in Liath Macha ris, γ ba méidhir le máeldorn míled na deóra donnfola do siled tara guadhaibh, γ táinic Láegh don dara táebh de. 'A Léith,' arsa Láegh, 'is córa duit⁴ maith do dénam aniu⁷ ná gach n-áenlá riam dá rabhais roime.'

Do *an* in Liath Macha and sin re Láegh γ do gabthar in Dubh Sailinn γ do *chuireadar* in carpat⁸ orra γ do gab ac innill γ⁹ ac⁹ córugud a chles γ a arm γ a ilfháebar¹⁰.

¹⁶ carbud E.

24. ¹ teithidar E. ²Sic K. ingaibh E. ³Sic K. fracha E. ⁴ duittsi E. ⁵ aniugh E. ⁶ Here E has lost a passage. γ ag tabairt a tesda γ a tuarusgbhala os aird, agus as e dubhairt ria: 'Annamh leat, a Liath Macha moradbaí, gan ionnsoigh go srian go srianghartha, gan cuing charbaid do chothughudh re coimheigin. Oir ba mer re mor-cathaibh γ ba h-edrom aigentach a n-aonaighibh, γ ba breghdha go bandala, γ a beth go nemh-ghaibhthech re h-uair n-anfadh no egcomhlainn. Dob annamh leat, ba socair sogabhtha re h-ionnsoighidh γ re h-anadh. Is leat ni ro-mhionca gan anamh, a Leith Macha. A Leith.' add. K. ⁷aniugh E. ⁸carbud E. ⁹⁻⁹Sic KG. om. E. ¹⁰ilaebar E.

γ do gab *Cú Chulainn* a brat *catha* 'ma *chnes* γ do gab a rothchles¹¹ γ a ardchles γ a fháeburchles¹² γ a uballchles γ a chletinchles γ a rithrann γ a ilchlesa¹³ uili. γ do ling ina charpud gan cedugud, γ do thuititar a airm γ a chathchlesa fo chosaibh isa charpat⁸, co ndecharar asa cóirigtheibh siubail γ a hinadaibh imbuailti, γ ba míchélmúine mór leis insin uili.

25. Et táinic roime a cend a séda γ tángadar co hEmain Macha, γ ní fada rángatar in uair do tadbhasadh¹ do *Choin Chulainn* na catha comóra ar faitchi² na hEmna, γ do chonnaicsin na muighi lána 'gá línadh do lethbuidnibh troma triathmóra γ do chipibh³ catha γ do chétaibh curadh γ d'imad arm γ ech⁴ γ éidedh⁵, γ dar leis fós do-chuala na héighme⁶ co huathfásach ac imdugud γ na loiscthi ac lethnugud γ ac lérscailed fo chathraigh *Conchubair* γ dar leis ní roibhi cnoc ná tulach a timchill na hEamna ná roibhi lán do chreachaibh γ do chathaibh. γ do tadbhas dó grianán Emire aca thrascairt γ tegh na Cráebhruaidhe⁷ ar comlasad, γ Emain uile 'na háentennál teinntidhe⁸ dergruaidh⁹.

'Truagh sin, a *Chathfaid*,' ar *Cú Chulainn*, 'gé tá tusa dom fastud-sa¹⁰. Is mór anois na creacha γ na cóirthi γ luathaircni¹¹ atá ar fud Muighi Macha γ machaire na hEamna γ in chúigidh co coitchinn¹².'

Do fregair *Cathfad* sin γ adubairt: 'A mic inmain,' ar sé, 'is mór na mesgaithi γ na meraighti sin do-berid na sluaigh scíthanbfanna¹³ scélbuaidirtha¹⁴ γ na fásbuidhne doilbthi draídhecta¹⁵ ort. Óir ní fuil áenduine sluaigh ná sochaidi ann súd acht fér γ duillebar.'

¹¹ Sic K. rocles E. ¹² aeburcles E. ¹³ ilclesa E.

25. ¹ tabhasadh E. tairbhredh K. taidbhrigheadh G. ² faitchi E. ³ Sic K. cipiv E. ⁴ Sic K. ach E. ⁵ Sic K. eidigh E. ⁶ heime E. eimhge K. ⁷ craebhruaighi E. ⁸ tindtighi E. ⁹ dergruaighi E. ¹⁰ fastoghsa E. ¹¹ luathairci E. ¹² coittcinn E. ¹³ sciathamnanna E. sgithanbhfanna K. sgothanbhfanna G. ¹⁴ scelbuaidrita E. ¹⁵ draidgechta E.

γ nír chreidsin áenfocal de sin ó Chathfad¹⁶, no go rángatar co hEmain γ na bantrachta ac¹⁷ gol¹⁸ γ ac éighme¹⁹ roime γ 'na diaidh²⁰.

26. γ táinic conigi in grianán a¹ raibh¹ Emer γ táinic Emer amach ina choinde γ do gab aca rád ris túrling do dénam γ techt sa grianán.

'Ní dingin² etir, a ingen,' ar Cú Chulainn, 'no co ndechar d'innsaighi ceithre n-ollchúiged nÉreenn co Magh Muirthemne do díghailt na creach γ na n-olc γ na n-écórach do-rónsat orum-sa γ arin chúiged co léir γ do tadhbas dam gustrásta co roibh in baili so lán do sluaghaibh fer nÉreenn³ dá doghadh⁴ γ dá dianloscad.'

'Is fír sin,' ar in ríghan, 'ní fuil acht taidbsi⁵ draídh-echta⁶ ann sin. γ ná tabair dot aí ná dot aire iat.'

'Is briathar dam-sa nach anub⁷ don tosc so no co roicher⁸ fo longphort fer nÉirenn.'

γ mar do-chualudar na bantrachta na briathra sin, do thógatar gártha⁹ fáidemla¹⁰ fírtruagha, γ do cheilebair Cú Chulainn don ríghain γ¹¹ dona bandálaibh¹² uili.

27. γ táinic do cheilebrad¹ dá máthair co Dún Deittine² γ do gabh Cathfad γ filid aca lenmain co díchra. γ táinic ar faitchi³ in dúnaidh⁴, γ táinic Deittine dá innsaighi, 'gá⁵ aithne⁵ gurob a ndáil na sluagh dob áil leis dul, γ tug in ballán coimhge⁶ dó. γ

¹⁶ γ adubairt: 'A Chathfaid, mheic Maoilchroich o Charnmhaigh, do dergad tuaithe inber a halmiomdha ar ardghortaibh Eamhna fir Temrach fir Cethra fir Cruachna fir Chermna cath craoibhe cro curadh cnuic dealga each donna sguir sgoibthe sgeith derga daimh dhoiligh dhathmhugal cath cleithmar mor a maoighedh grain Gaoidel gair eighmhach' (*poem*: Is adhbail an díbheirg an t-saorlearg, etc.) *add.* K. ¹⁷ a E. ¹⁸ gul E. ¹⁹ eime E. ²⁰ diaigh E.

26. ¹⁻¹ Sic KG. aracaibh E. ² Sic E. dhenad K. ³ nerinn E. ⁴ dogh E. ⁵ taibhsi E. ⁶ draighechta E. ⁷ anum E. nanfadh K. anamh G. ⁸ roiter E. roicher K. ndeachar G. ⁹ gathra E. ¹⁰ faidhemhla K. faiam—la E. ¹¹ om. E. ¹² bannalaibh E.

27. ¹ ceilebrad E. ² Sic E *pass.* Deictine K. Deithchide G. ³ faithi E. ⁴ dunaigh E. ⁵⁻⁵ Sic E. arna aithnedh K. arna chlos G. ⁶ coimghi E. coimhde KG.

ba buaidh⁷ dó-san, re ndul a cenn séda nó siubail, deoch d'ól asan⁸ mballán⁸, *acht* do bí ann a lán d'fuil.

'Truagh sin, a Deittine,' ar Cú Chulainn, 'ní hingnad nach⁹ aile dom tréigin-sa, mar tucaissi¹⁰ in ballán lán d'fuil forderg¹¹ dom' innsaigh-si.'

γ do gab Deittine in ballán arís, γ do lín hé γ tuc dó, γ do bí a lán fola and don toisc sin. γ fo thrí do lín in ríghan an ballán γ do-rinde fuil fo thrí do gach ní dár chuir ann, γ do gab ferg Cú Chulainn risin mballán, γ tuc béim fon chairthi de. Gurob Tulach in Balláin fós ainm na tulcha, γ Cairthi in Balláin fós ainm in chairthi.

'Is fír sin, a ingen,' ar Cú Chulainn, 'ní tusa is cinntach *acht* mo gesa arna coiled γ mo sáegal [arna thecht], γ noch a thiciubhsa beó don toisc so ó feraibh Érenn¹².'

Do gab Deittine γ Cathfad aga guidhe¹³ im anmain re Conall do thecht a críchaibh echt[rann] dá chabur re haigid na hanmana¹⁴ sin.

'Ní anub¹⁵ etir,' ar Cú Chulainn, 'óir tánig mo ré γ mo remes, γ ní thréigiub¹⁶ mo bladhdhá ná mo buanchosgur ar bréc an tsáegail, γ nír imgabhus¹⁷ ágh¹⁸ ná irgal ón uair do gabus arm ar thús am láim gus aniu¹⁹. γ is lugha do-gén don toisc so, óir is buaine bladhdhá na sáegal.'

28. Táinic Cú Chulainn roime a machaire na hÉmna, γ do thógadar ingina rí¹ γ taisech uili ann sin a n-uallgártha² truaga³ tuirsecha γ faídi⁴ caintechna cumadh ina diaidh⁵, γ do len Cathfad fa deóidh⁶ 'na áenar asan⁷ baili amach. γ ní cian rángatár ón dúnad, an tan tarra

⁷ buaigh E. ⁸⁻⁸ Sic K. om. E. ⁹ Sic E. gach nach K. gach ní G.

¹⁰ tucasi E. ¹¹ orderg E. ¹² Poem in K: A Deichtine, is fás do ballán, etc. ¹³ guible E. ¹⁴ anmana E. om. KG. ¹⁵ anum E.

¹⁶ treigem E. ¹⁷ Sic K. ingabhus E. ¹⁸ Sic K. adh E. ¹⁹ anigh E.

28. ¹ ri E. ² nuallgathra E. ³ truagadh E. ⁴ faigi E. ⁵ diaigh E.

⁶ deoigh E. ⁷ Sic K. asa E.

dóib ingen *cháem chorpgeal chubhaidh*⁸ ar bél Átha na Foraire ar Mag na hEamna⁹, 7 sí ac torrsi 7 ac truagh-nemélai¹⁰, 7 faidhbh corcra cirtha créchtnaigthi aca fásghadh 7 aga fuarnighi a heocharimlibh in átha aici.

‘In aici¹¹ siúd, a Chúgháin,’ ar Cathfad, ‘ingin Baidbhi siút, 7 t’fhaidhbh¹² 7 d’erredh aici dá nighi? 7 atá co brónach buanchumthach ac¹³ basaire 7¹³ac innisin do thuitme-si, mar¹⁴ do-fáethus¹⁴ don chur so re mórsluagh Medba 7 re draídhecht¹⁵ Clainni Cailitín. Ara son sin is cóir duit-si¹⁶ anad do dénum, a cháem-daltáin,’ ar Cathfad.

‘Maith, a oidi inmain,’ ar Cú Chulainn, ‘ná len mé ní¹⁷ is mó. Óir ní anub¹⁸ no co ndechar do díghailt ar cheithre hollchúigedibh Érenn techt do chrechad mo chríchi¹⁹ 7 do loscad mo dúnaidh²⁰, gé atá in Badbh ac nighi m’²¹ faidhbhe-si²¹. Bu mór faidhbh 7 arm²² bias a fothraici fola 7 a sruthlinntibh cáebderga cró óm’ chloidhemh-sa 7 óm’ chraisigh don chumasc so. Gidh lesc libh-se mo léicin-sa i ndáil éga 7 oidheda²³ 7 a n-aigid mo bidhbad dom báeglugud, is leisci dam-sa dul do thollad mo thaibh 7 do chirbad mo chuirp féin. Nocha ferr atá²⁴ a fis agud-sa co tuittebhsa²⁵ don chur so ná acum féin,’ ar Cú Chulainn, ‘7 ná toirmesc mo séd ná mo siubal umam ní sa mó. Óir dá n-anuind²⁶, do-chuadus d’ég, 7 dá n-imthiger²⁷, táinic mo sáegal. 7 bersi imchomarc betha 7 sláinti let²⁸ d’innsaighi Ulad 7 Conchubair, 7 bersi mo bennacht d’innsaighi Eimire, 7 nacha roichebhsa²⁹ co brúinne brátha³⁰ ná betha, 7 is truag mo scarad 7 is adaibhmar³¹ m’iderdealu-

⁸ Sic E. culbuidhe KG. ⁹ doibh add. E. ¹⁰ Sic E. truaghneimheile K. truaighmhéile G. ¹¹ faici E. ¹² aidhbh E. ¹³⁻¹³ Sic E. om. KG. Leg. basgaire? ¹⁴⁻¹⁴ Sic E. 7 do thromdhith K. 7 do thromdhithiughadh G. ¹⁵ draighecht E. ¹⁶ duittsi E. ¹⁷ nis E. ¹⁸ anum E. anabhsa K. ¹⁹ crichti E. ²⁰ dunaigh E. ²¹⁻²¹ Sic K. om. E. ²² Sic K. narm E. ²³ oidhgha E. ²⁴ Sic K. om. E. ²⁵ tuittemhsa E. ttuitfiod K. ²⁶ Sic E. nanair K. ²⁷ imigir E. ²⁸ lett E. ²⁹ roithemhsa E. rocheibhsa K. ³⁰ bracha E. ³¹ Sic E. imsniomhach egcaointech K.

gudh³². Gidh dá bacad atámuid aniu³³ ac imthecht ó Emain, is mór lá tánacsa ⁊ Láegh co haistrech édalach ó chríchaibh ciana ⁊ ó chinélaibh coimthecha³⁴.

29. Asa haithle sin d'impó Cú Chulainn a aiged arís ar Emhain ⁊ do gab ac féchain¹ in baili uatha ⁊ ac éistecht re tromgárthaibh na mbantrachta ⁊ na mbandála² ⁊ do tadhbas dó-san annsin co³ n-accai³ ós cind Rátha Soilech⁴ risa n-abar Ard Macha aniu⁵ tormán⁶ na n-aingil, ⁊ do-chonnaic gurbo lán do cheól ⁊ do irfidedh ó nemh co talmain [ós cionn an rátha] ⁊ do sáithig⁷sin a aignedh co mór ⁊ co [hiomarcach isan ní do chonairc, ⁊ do-chuaid ina chroidhi go] carthanach in ceól do-chuala ⁊ do innis Cú Chulainn [na taidbh-sionna taidbhredh⁸ dó] do Chathfad, ' ⁊ ní hinand so ⁊ na taidbsena do chonnac [ó chianibh go huathmar urghrána ag techt] d'innsaighi na hEmna ⁊ adruimso don áenDia dá n-adraid siat ⁊ creidimsi don airdrígh dorinne neim ⁊ talam, ⁊ mochen d'ég festa ó so amach.'

Do gab ag⁹ ceilebrad do Chathfad ⁊ do chuir a druim re hEamain ⁊ táinic roime co subach ⁊ do-chuaidh a meirtnighe¹⁰ de ⁊ a dobrón.

30. Et táinic co hÁth na Foraire a Sliabh Fuaid ⁊ do-chonnaic dá lethtaibh dé¹ detaig¹, ⁊ táinic dá hinnsaighi ⁊ do bu dóigh leis gurob dremh d'feraibh Érenn do bí and ⁊ ní do chreachaibh in chúigidh acu ann. 'A Laigh,' ar Cú Chulainn, 'léig brod forsan echraidh² co ndechmais d'fius cé do-ní in teine³ út.' ⁊ tángatar d'innsaighi na dreime duaibhsige⁴ do bí ac dénam in detaig⁵, ⁊ is iat do bí ac dénam na teine³ sin .i. a bidhbaid bunaigh .i. na haimidi égciallaimsighi⁶

³² miderealugud E. ar ndealughud ribh K. ³³ aniugh E. ³⁴ poem in K: A fhir, na toirmisg, etc.

Do innsaig *Conall* iat go hokal⁶ aniarmartach γ tug sáthadh [san]tach sotalborb don Chúlclais . . . chendgér⁷ chrand[reimair] chorporda⁸ chathmíledha [dóibh gurbo créchtmór] comarthach taibh [gacha trénmílid óna tromghonaibh sin, γ do díchennaigh⁹ go deifrech an dias deghlaoch sin, .i. Mál agus Midna, γ] do chuir arin gad¹⁰ a ndígail na hiomána [da-rinnedar ar chend *Con Culainn* iad γ adubairt:] ‘ní rim-sa bu chóir daibh cenn mo charad do chommaídhem¹¹.’

¹⁷ acusa E. ¹⁸ om. EK. ¹⁹⁻¹⁹ Sic K. om. E. ²⁰ harc E.

51. ¹ Sic K. nimdenam E. ² faithi E. ³ liaroid E. ⁴⁻⁴ Sic E. ort do chol uathbas K. ⁵ Sic K. om. E. ⁶ Sic K. hocla— E. ⁷ cindger E. ⁸ corporga (?) E. ⁹ dithchennaigh K. ¹⁰ After gad a few illeg. words in E. om. K. ¹¹ comaidhem E. *Poem in K: Oighid Mháil agus Mhiodhna*, etc.

52. 'Et a Chind Berraide,' ar Conall, '[déna imthecht ⁊ ber cenn] Con Culainn let¹ mara fuil Emer.'

['Do-bhéar²,' ar Cenn Berraide, '⁊ gion go ndernar céd d'feruibh Éirenn do mharbhadh gacha³ laí ⁊ céd gacha hoidhche⁴, is ferr liom-sa an cenn do adhlacadh dochum a cholla nó sin².']

Is and sin do éirigh Cenn Berraide [⁊ do rug an cenn] co Dún Dealgan ⁊ tug a láim Emire [é. ⁊ do-rinnedh an cenn do niamh] glanad aici ⁊ do cuiread ara cholainn [féin ⁊ thug Eimer chuide é ⁊] do druid re⁵ lucht ⁊ rena hur[bruinne é asa haithle] ⁊ do gab ac toirrsi ⁊ ac truaghneméla ósa chionn [⁊ do ghabh] ac súgad a beól ⁊ ac ól a fola ⁊ do chuir tlacht s[róil uime].

['Uch, uch,'] ars an ingen, 'dobu maith maisi ⁊ [snuadh an chinn si, gé⁶ tá sé mar so aniogh⁶]. ⁊ is mór do ingi[nibh ríogh ⁊ taoisech an domuin do] biadh dod chained [aniogh, dá bhfiosdis do bheth mar sin. ⁊ cidh iad lucht iarrata óir ⁊ ionmhuis ⁊ athchuinge Éirenn ⁊ Alban, dob é a n-aonrogha ⁊ a n-aongrádh d'feruibh an domain thú. ⁊ is truagh mo bheth-sa aniogh dod' éis, óir ní raibh ag fer nó gan fher a nÉirinn nó a nAlbain nó sa domun uile ben nach raibh a bhformad riom-sa gus aniogh. Óir dob' iomdha seóid ⁊ maoine ⁊ cíosa ⁊ cána ó chríochuibh an domain do thigedh dom ionusoigh le nert ⁊ le calmacht Con Culainn.'

⁊ do ghabh a lámh ina láimh ⁊ do ghabh ag tabhairt a thesda ⁊ a thuarusgbhála os aird, ⁊ adubairt : 'Truagh sin,' ar Eimer, 'is ár mór do ríoghuibh ⁊ do thaoisechuibh ⁊ do thrénferuibh an talman do cuireadh

52. ¹ lett E. ²⁻² Of this passage a few words can be distinguished in E: ni dingen . . . aen duine d'fearibh Erenn . . . da marbtha cet gacha lae dam sa . . . in cenn d'ignacal cum . . . ³ gach K. ⁴ noidhche K. ⁵ rena K. ⁶⁻⁶ Partly leg. in E: ge ta aniogh ina ing . . .

a ndáil bháis ⁊ éga athuathmair⁷ le luathbhuillibh ⁊a láimhe si, ⁊ is mór d'énuibh ⁊ d'ainmhidibh⁸ éigciallacha an domain do thuit leat⁹, ⁊ is mór do mhaoinibh ⁊ d'ionmhasuibh an domain do sgaoiledh ⁊ do bronnadh leisan láimh si d'filidhibh ⁊ dh'ollamnuibh an domain¹⁰.']

Do bí Emer ac¹¹ comrádh asa haithle sin, ⁊ is *ed adubairt* : [' Is fada atáthar 'gá thaisbénadh dhamh-sa a n-ai]slingtib¹³ aidchi co tu[itfedh] Cú Chulainn [le feruibh Éirenn, ⁊ do taidhbhredh dhamh] múr Dúna Dealgan do [thuitoim] chum láir ⁊ do-chonnac mar do scaíl[*fidhe*¹⁴ a sgiath ó bili co bord [⁊ mar do bhrisfidhe a chloidhiomh ⁊ a chraoisech ina ccertmheodon], ⁊ do tadbac dam Conchubar do marbad im fia[dnai]si ⁊ mé féin [⁊ tusa] do díchennad. ⁊ gin co faicinsi na haislingthi sin, [do bhádar draoithe Éirenn] ⁊ fáidhi¹⁵ aga tarrng[ire co] ticfa¹⁶ d'armaibh neimi Clainne Cailitín [⁊ le Lughaidh] mac Con Rí a thuitim.'

' ⁊ a Láegh,' arsa Emir, 'do bámmarne [fós ar aonshlighe] ⁊ dob aibhinn dúin, ⁊ dá sirthi an domau [uille ó thuargbáil gréine go fuinnedh, ní bhfuighthi¹⁷ ar n-aon]amuil .i. tusa, a Láigh, ⁊ Cuillend gilla [na hIubhraighe¹⁸ ⁊ an Liath Macha, an Dubh Shaiglionn,] misi ⁊ Cú Chulainn. ⁊ is truag lem fós [Lughaidh Sriabh n]Derg . . . gan fer tabarta catha [aige nó coisgthe comórduis nó cogaidh tar éis a oide ionmhoin], ⁊ is truagh lium [⁊ atá ag brisedh mo chroidhe um chliabh bheth ag éisdecht re fáidhibh fíorthruagha fer ⁊ ban ⁊ re goluibh arda éigcintecha¹⁹ anradh ⁊ óglach Uladh

⁷ athuathmuirah— K. ⁸ ainmhindibh K. ⁹ leith K. ¹⁰ *Poem in K* : Uch, a chinn, gé rod mesgadh ar linn, etc. *This is the only poem that is also found in E, but mostly illeg.* ¹¹ a E. ¹² da K. ¹³ bhfisibh K. ¹⁴ or scoiltfidhe ? sgaoilfidhe K. ¹⁵ *Prob.* faidhida E. ¹⁶ *Perhaps* ticfad. ¹⁷ bhfuighthidh K. ¹⁸ hiubraigh K. ¹⁹ eicgintech K.

ac²⁰ caoinedh Con Culainn, ⁊ Ulaidh uile sa ches naoidhen ⁊ gan nert aca a dhíoghail ar fheruibh Éironn²¹.’

Is an sin do-rónsad tuirsi ⁊ tromachlann .i. Laogh agus Eimher.

‘Dursan ar sgaradh re chéile anois, ⁊ dobudh suaimhnech ar ccumann gus anois a n-aonionadh.’

‘Dob fhíor sin,’ ar Laogh, ‘⁊ ní bhíusa a ngillas²² d’aonduine eile go bráth tair éis mo thigerna féin.’

‘Uch, is truagh liom-sa féin,’ ar Eimher, ‘⁊ a Laoigh,’ ar sí, ‘nár aithin Cú Chulainn misi dhíot-sa, nó an ttug tegasg dochum a theghlaigh?’

‘Ní thug,’ ar Laogh, ‘acht do aithin díot-sa gan dol re fer go bráth, muna ndecha²³ le fer d’Ultachaibh.’

‘Do-dhénsa sin,’ ar Eimer, ‘uair ní bhíad²⁴ ag fer d’feruibh an domhuin tar éis Con Culainn²⁵.’

Asa haithle sin adubhairt Eimher: ‘Ní racha féin secha so, go ttí Conall dom ionnsoigh.’

‘Ní córa do nech oile anmhoin risna sgéalaibh sin nó dhamh-sa,’ ar Laogh, ⁊ do ghabhadar ag osnaid ⁊ ag égcaoine timchiall Con Culainn, ⁊ níor léig eglá Conaill dóibh a adhnacadh no go ttigedh sé féin chuige.]

53. Imthúsa Conaill¹, [tar éis Mhaoil ⁊ Mhiodna², as é ro ráidh: ‘Abradh nech agaibh re hÉarc mac Cairbre techt amach dom agallamh, ⁊ muna ttí, luighim³ fom bhréithir nach bhfuil san mbaile líon a imghabhála oram-sa, go roicher dá ionnsoigh.’

Do hinnsighedh⁴ sin d’Éarc, ⁊ do éirigh Éarc aga chloistion sin ⁊ do ghabh a arm ⁊ éidedh dá ionnsoigh agus tháinic asan dún amach, ⁊ trí laoch⁴ churadh chathéidigh⁵ maille ris dá ionnsoigh. ‘Maith, a Eirc,’

²⁰ a K. ²¹ Poem in K: Dun Dealgan an dun sa thiar, etc. ²² gillsis K. ²³ Sic K. Leg. ndechair? ²⁴ bhíaid K. ²⁵ Poem in K: Uchán, uch ón ló, etc.

53. ¹ From here E has five more lines, and then breaks off. ² add. do mharbhadh. ³ luidhim K. ⁴ earlier: hinnsedh. ⁵ leg. laoich curata cath-eidithe.

ar Conall, 'is sád hail suaimhnech atáthar ann sin tair éis Cú Chulainn do mharbhadh.'

'Ná himirsi do bhriathar oram-sa,' ar Earc, 'óir ní íocfa misi éiric nó enaclann riot-sa ann sin, acht béim a n-aghaidh béime ⁊ gon a n-aghaidh gona.'

'Truagh sin,' ar Conall, 'ní ghéabhainnsi ór agus maithios an domuin uaid-si ina éiric, acht do chenn ⁊ a chur a mesg na ccenn sa oile,' ⁊ adubhairt an laoi, 's ní fhagham í.

Is ann sin do ionnsoigh cách a chéile dhíobh .i. Earc cona trí laoi, ⁊ Conall 'na aonar .i. ríghlaoch Éirenn ⁊ fer taisdiol ⁊ cuartaigh an domuin, ⁊ nár⁶ ghabh uamhan nó imegla roimh shochaidhe dá mhéd ar muir nó ar tír riamh do ló nó d'oidhche, ⁊ thugadar frasa dúra diana díghaire luatha leidmhecha d'armuibh a n-éinfhecht ar Chonall. ⁊ do-rinnesan rotha rith-nimhnech don lainn risna remharghaíthibh, ⁊ tháinig go calma confadhach ara ccertlár gan choigill.

Agus do thuarig iad do thrénbhuilledhibh 'na thimchiall go santach síordhíochra ⁊ go fíochda fornertmar feramhuil gurbo tesgtha taobhchurtha a⁷ thréinfhir, ⁊ gurbho lethroinnte a laoi, ⁊ gurbo cnedhach créchtach a ccathmílidh óna béimenuibh móra merlámha⁸ sin, gur ghabh gráin ⁊ eglá ⁊ crithuathbhás maithe Eirc ón uirlech anmhín aniarmartach sin Conaill, gurbadh maidhm teithibh⁹ go tinnisnach gan chuimhne gan chéill gan chathughadh asan ionadh a rabhadar a muigh gusna Temhrach, gur fágbdadar Earc 'na aonar a n-égcomhlann. ⁊ thug Conall sáthadh sanntach nertmar nemhthuirsech don Chúlghlas chendghér chrannremur a mullach a ochta ⁊ a urbhrinne an nEarc, gur chuir cend na slegha tara semantuibh trena chertmheodhon, gur dhianmhuigh¹⁰ a dhruim 'na chertlár, ⁊ thugsan a

⁶ frisnar K. ⁷ om. K. ⁸ leg. merlámhacha. ⁹ leg. teithimh (earlier : teichthe). ¹⁰ leg. dian-mhuigh or dian-mhaidh.

cholgbhéim cholgláidir tarsna a thaoibhe ⁊ a thromcholla, go nderna dá n-ordain de idir sgéith ⁊ chloidhíomh ⁊ chorp ⁊ chathlúirech, ⁊ do bhain a *chend* de ⁊ do chuir aran ngad é.

‘Is maith liom,’ ar Conall, ‘an *chend* sa do bheth aran ngad a ndíoghail chinn *Con Culainn*,’ ⁊ do char¹¹ an *chend* go Temhraigh ⁊ tháinig féin a ndiaigh na madhma asa haithle, ⁊ do ghabh ag marbhadh ⁊ ag mórdhíthughudh mhuinntere Eirc; go ttorchair leis *céd* curaidh um dhoirsibh na Temrach. ⁊ tháinig Muiredach mac Ferghusa taoisech teglaigh Eirc ⁊ lucht coimheda na Temhrach mar aon ris do dhíoghail Eirc ar Chonall, ⁊ do fhóghair Muiredach comhrac ar Chonall ⁊ do fhágaibh *céd* laoch ar gach dorus do dhoirsibh na Temhrach. ⁊ tháinig *céd* curaidh ina fharradh féin do fhregra comhraic do Chonall.

⁊ do ionnsoigh an cathmhíledh cosgarthach, .i. Conall, an comhrac sin, ⁊ do ghabh aga slaoighe ⁊ aga síorbhualadh do builibh sanntacha sedmara ⁊ do ghonuibh doimhne dímhora dlúthmara, acht atá an ní *cédna*: do thuit an *céd* laoch sin timchiall Muiredhaigh ‘san maidm sin le Conall, ⁊ tháinig féin ‘na mhaidhm retha ⁊ mhórtitheithimh d’ionnsoigh a mhuinntire, ⁊ mar ráinig aran dara dhorus do doirsibh na Temhrach, do aithnigh sé Conall ag techt dá ionnsoigh ⁊ do fógair comhrac air, ⁊ do ghabh aga aithsiughudh ⁊ aga imdheargadh do bhriathruibh móra. Mar do chualaidh Conall na mórghotha sin Muiredhaigh, do ling¹² rabharta ⁊ tonn anfach¹³ athgharbh aníarmartach é, ⁊ tháinig go mer mórdhásachtach d’ionnsoigh Muiredhaigh, ⁊ thug tuilledh¹⁴ tothochtach trénurlaighe arna tresbhuilleadhibh ⁊ bisech beódha broghadmhór arna béimennachaibh, ⁊ ésguidhecht ullamh urmhaisech aran imbualadh, gur thuit *céd* laoch don chuinsgleo sin le

¹¹ leg. chuir. ¹² leg. lín. ¹³ leg. anfadach. ¹⁴ for tuille.

Conall 'san chathir. ⁊ do-chuaidh Muiredhach ar éigin uaidh, ⁊ do ionnsoigh an tres dorus do Themhraighe¹⁵ ⁊ mar ráinig ann do fhógar comhrac ar Chonall a ccédóir, ⁊ tháinig Conall cathbhudhach dá ionnsoigh, ⁊ do ghabh go marbthach móraigentach aga múchadh ⁊ 'gá mórthuargain, gur thuit céd laoch leis go lániarmartach ledartach aran láthar sin. ⁊ do ionnsoigh Muiredhach ar thorann a luais d'ionnsoigh an chethromhadh doruis. Ciodh trácht, torchair céd laoch ar gach ndorus do dhoirsibh na Temhrach re Conall ⁊ do díthchenn Muiredhach mac Ferghusa ar lármeodhon na Temhrach don trénruathar sin, ⁊ do chuir an cend aran ngad asa haithle.

'Is maith liom, a Mhuiredhaigh, do chend a chur aran ngad sa ar son a ndernais dom ghríosadh ⁊ dom ghrennachadh, ⁊ dámadh dual do Erc an baile si, do loisgfinsi é, ⁊ ós é imlecan oirechuis Éirenn é, ní loisgfiodsa é.'

⁊ dubairt an laoi, 's ní fhagham í.

54. Do tháinig Conall roimhe go maoidhmhech móréchtach ó Themraigh dús¹ ar thuit do chéduibh do churanuibh² na Temhrach leis, ⁊ an t-eólus a ttáinig, tairla Colla mac Faithemain dó arna fhágbháil do Lughaidh mac Con Raoi a foraire ar Chonall, ⁊ do fhregair cách dhíobh a chéile, ⁊ do ghabhadar go mermerdhána móraigentach dian dísgir dásachtach ag leó³ ⁊ ag ledradh, ag comhtharraing ⁊ ag comhthuargain a chéile gan choigill, ⁊ thug Conall béim neimhnech náimhdigh nertláidir do Cholla isan cumasg sin, gur bhain a chenn de don chruadhbhéim sin, ⁊ do chuir aran ngad chédna é.

'Dar mo bhréithir,' ar Conall, 'is maith liom mac Faithemain ina leathaibh⁴ ledarthach⁴ ⁊ 'na chosar

¹⁵ leg. themraigh.

54. ¹ leg. d'eis. ² leg. curadaibh. ³ leg. leodh. ⁴⁻⁴ leg. leaththaibh ledartha.

chró um fhiaghnúisi, 7 an *ceud* ar iomchar agam,' 7 adubhairt an laoi, 's ní fhagham í.

Tháinig Conall roimhe go cédfadhach⁵ tair éis an chomhraic sin, 7 an t-éolus do-chuaidh, tharladh Cuillend Bregha dhó, 7 dobadh tréfer tenn toghthadh⁶, 7 badh cathmhíledh calma a ccathuibh 7 a ccomhlannuibh an Cuillend sin, 7 do dhíthchenn Conall é, 7 do chuir a chend aran ngad chédna. 7 do ghabh ag marbadh 7 ag mórmhúchadh a mhuinntire asa haithle co nderna aonmhaidhm anbhuainech dá raibh san chathraigh roimhe, 7 ár ban 7 fer 7 crodhuibh⁷ 7 cethruibh⁷ 7 do ghabh ag maoidhiomh chinn Chuillend do bheth ara chumas, 7 adubhairt an laoidh, 7 ní fhagham í.

55. Tháinig Conall roimhe iar sin go Fíodh Rocaimhe, 7 do-chonairc an detach dhímhor do leataoibh¹ an fhedha a ccomhgar dhó. 'Is fíor sin,' ar Conall, 'is drem éigin d'fearibh Éirenn atá an súd, 7 cuid de bhúair 7 de bhraighdibh Uladh aca ann.' Tánic Conall roimhe d'ionsaigh na tinedh, 7 as iad do bhí ann sin .i. Clann Chailitín. 7 mar do-chonaircsan na hamaidedha uathmhara sin, do aithin gurab iad a bhíodhbhibh² bunaidh do bhí ann .i. Clann Chailitín, 7 as é ro ráidh: 'Do-bherim a bhuidhe risna déibh dhá n-adhram breth oraibh,' ar Conall, '7 ní tharla chugam-sa ariamh air muir nó ar tír tarchartha badh toicemhla liom do chur chugam nó iad. Et gion go ttuitfedh liom d'feruibh Éirenn, acht Clann Cailitín 'na aonair, do badh maith mo thoisg 7 mo thuras a nÉrinn do dhíoghailt Con Culainn, 7 mo chen don tí do-bhérad na síthchinn úd leis d'ionnsaigh na hEmhna, 7 is fáiltech do bheidis bantracht 7 bandála 7 maithe 7 móruaisle Uladh aiga bhfaicsin³.'

⁵ leg. confadach. ⁶ leg. toghtha. ⁷ Sic K. Leg. crod or cruid, cethra.
55. ¹ for leth-thaoibh. ² leg. bhíodhbhaidh. ³ bhfaicsic K.
Follows poem in K: Ni hiad na curaidh rom char, etc. ⁴ leg. builledhibh.

Is ann sin do ionnsaigh Conall go dian dásachtach dochum na tinedh, et do ghaibh ag slaoighe na slegh 7 aiga síorbualadh; 7 do éirgedar na hamaidedha go huathbhásach uireaglach aira n-aonchosaibh, 7 aira n-aonlámha, agus do ghabhadar go frithghonach fírneimhnech aig lot 7 ag laochbhualadh air Chonall, 7 ó fuairsan a muinighin a ndraoighecht 7 a ndiabhaltánacht iad, do ghaibh go lúthmhar laochbheódha luathghonach lonnghníomhach aige laochbhualadh, 7 nír sguir dona tuathamaidecha taobhainmhecha troichchalma sin, no gur thuitedar dona builledha⁴ borba buanládre sin, 7 do bhain na sé cinn díobh, 7 do chuir aran ngad iad.

56. Thánic Conall roimhe go subhach soghmheanmnach¹ iarin buadhccosgur agus comhmaoidhimh Clainne Chailtín leis, agus tánic roimhe go Magh nArgiodrois, 7 tair Ghlais Chruinn frisa n-abairthair Glais Chró aníogh, 7 mar do bhí ann, do-chonairc an cath comhegairtha ceangailte airna chórughadh fana chomhair. Et as é do bhí an sin .i. Conla comhdhalta Lughaidh meic Con Raoi 7 teghlach Lughaidh mar aon leis. Et do ionsaigh an cathmhíledh 7 an curadh cathbhuadhach comhramhach curata cathlíonmhur sin iad, 7 do ghabhadair aig comhthuairegain a chéile go haniarmurtach esbheódha áithesach aig cnáimhgherradh agus aig corplíod² aira² a chéile. Et thugedair ceath³ comhthiugha 7 sáithedha sianluatha soighed, et fisa fíormhóra faobhairghéra fogha d'ionnsaighe Chonuill, 7 nír ghaibhsan time nó tlás ó ghonaibh nó ó bhuillibh nó ó bhorbchoraibh na buidhne sin, acht do ghaibh go marbhtach móréachtach aig slaoighe 7 aig síorbualadh na sochaidhe conach deachaidh aonfher uadh dhíobh, acht muna ndeachaidh duine dhíobh a maidhimh⁴ nó a míchosgair.

56. ¹ Sic K for somheanmnach. ²⁻² leg. corp-leodh ar. ³ leg. ceatha. ⁴ leg maidhm.

7 do thuit deich ccéd dhíobh a n-eochairimlibh an átha anonn 7 anall, agus do chomhrac Conall 7 Connla re *hedh* 7 re hathaidh. Et do ghabhadar aig imbhualadh agus aig iomghuin sgiath agus ceann agus cathbharr a chéile. Agus do thuit Connla fa dheóigh de bhuillidhibh comhramhach *Chonuill*, agus do dhíthcheann Conall é asa haithle, 7 do chuir an ceann sin Connla airan ngad, agus do ghaibh aig féchainn an ár⁵ agus⁶ a méadhuighibh⁷ maoldherga aig snighe, et a ccuirp comhfhosgailte a comhtheilgion fola, 7 na sruthlinnte fola derga dianluatha ag siledh fola isan ghleann, gurbho caopa cró 7 gurbho linnte fola foruaidhe⁸ an ghlais ghlanfhuar ghainmhech sin. ‘Budh Glais Chró ainm an ghleanna sa go bráth d’éis an ghníomha sin,’ ar Conall⁹.

57. Tháinig Conall go Magh nArgiodrois ann sin. *Badh* hann a bhí *Lughaidh* córighthe fora chionn. Ní teithedh nó imghabháil do thugastar Conall orradh, acht do ionnsoigh iad a ccionn catha a ccédóir 7 dob oiregair tuinne cuirpghile cruaidhe Clidna ag díbhri-gadh a hiasgann fo thír .i. Conall ag dianmharbhadh 7 ag diansgaoiledh chlainne *Deghadh* ’na thimchiall, no go ttorchradar leis dóid fri dhóid, uille fri uille, 7 oirbhre¹ fri oirbhre¹, go rabhadar na linnte fola dia éis. Ro chomhraic Conall 7 *Lughaidh* re chéile.

‘Maith, a *Chonaill*,’ ar *Lughaidh*, ‘nocha n-ionchaighthe sinne ar ndís, thusa 7 do dhá lámh agad, 7 misi ar lethlámh. Cengeltar do lámh dhes ar do bhealadh.’

Do cengladh lámh des *Conaill* iar sin, 7 do ghabhadar dona cloidhmhibh claisleathna cruadghéra catha ara chéile, 7 thug *Lughaidh* béim do *Chonall* no gur

⁵ leg. áir. ⁶ bis scr. K. ⁷ leg. méideadha. ⁸ leg. for-ruaidhe.
⁹ 7 adubairt an laoi ann add. K. Follows poem: An ghlaise si glaise chró, etc.

57. ¹⁻¹ Leg. airbhe fri hairbhe.

gerrastar ⁊ gur leadarthar a chengail ⁊ a chruadhchuibhrighthe dá lámh dhírih dheghtapaidh.

‘A Chonaill chaoimh chosgurthaigh chathbhuaadh-aigh,’ ar Lughaidh, ‘cengal mar do chomhgeallais do lámh go lándaingion.’

‘Ní dhéntar don dulad sa,’ ar Conall, ‘an tan thugus cengal ⁊ cruadhchuibhrech uirre, dob aithrech liom é, ⁊ an lámh do sgaoilis féin dot luathbhulledhibh, ní chengeólad budhdesta í.’

Do fheradar comhlann ⁊ comhrac comhaigméil re chéile, cuimhnighios cách a bhfalta ⁊ a bhfiormiosgios dá chéile, gur torchair Lughaidh do chruadhbhulledhibh Conaill chathbhuaadhaig Chernaigh. Díthchennus Conall é iar sin. Do éirigh ealla báidhe Conall² re a mhac, ⁊ as é adubhairt : ‘Muna ndíthchenntasa Cú Chulainn, ro badh lánleisg liom-sa do dhíth ⁊ do dhíthchennadh,’ ar sé, uair is éisidhe an tres athair isa sealbh ara raibh Lughaidh .i. Conall ⁊ Cú Chulainn ⁊ Cú Rí mac Dáire.

58. Asa haithle sin do chomhraic Conall ⁊ Gabháil Glinde mac Deghadh, ⁊ tuitios Gabháil Glinde do gharbhghleó Conaill ⁊ díthchennus do¹ deghtapaidh é. Do thorchair Glas mac Deghadh le Conall iar sin, ⁊ adrochair deichnemhur ⁊ dá fichiod do chlannuibh datha² deghlámha² Deghadh leis don toisg ⁊ don turus sin, ⁊ do chuir a ccinn uile go hiomlán aran ngad. Ciodh trácht, do badh lán an gad do chennuibh ríogh ⁊ ruirech ⁊ do ro-dhaoinibh bhfer nÉirenn. Ro chuir fa shnaidhim iad, ⁊ do imghidh³ roimhe a bhfrithing na conaire cédna, no go ráinig Dún drechsholais Dealgan, mara raibh corp Con Culainn. Do legadh na cinn aran bhfaithche ⁊ do cuireadh ar chuailibh

² leg. Conaill.

58. ¹ leg. go. ²⁻² Sic K. Leg. dathamhla deghlámhacha. ³ leg. imthigh.

Bodhbha biraighthe iad uile a ttimchiall na faithche fairsinge ferannbhláithe. ⁊ do léigedh grithgháir adhbhalmhór aca ag faicsin na laochchenn arna leabarchuailibh.

Do éirigh Eimher ann sin. ‘Déntar corp an chathmhílidh d’adnacann⁴ budhdesta,’ ar Eimer, ‘⁊ innis dúinn cred iad d’uaislibh Éirenn ara rabhadar na cinn do-chí forna biorchuailibh Bodhbha.’ ⁊ do-rinne an laoi ann ⁊ do fhregair Conall í asa haithle⁵.

A haithle na laoidhe sin do dhénamh dhóibh ‘na ndís, ro fhuráil Eimer ar Chonall fert fairsing fhorleathan do dhénamh do Choin Chulainn, ionnus go ttuilledh sí féin mar aon rena céile comhadhais ann. Do tógbadh a lia ósa lecht ⁊ do sgríobadh a ainm a n-oghaim, ⁊ fertar a cclaoithe⁶ caointe.⁶

Aig sin Oighedh Cú Choluinn conuige sin.]

⁴ for adnacal or adlacan. ⁵ Follows poem: A Chonaill, cia hiad na cinn (the so-called *Laoidh na gCeann*, see, e.g., *Cameron, Rel. Celt.*, I. 66 sqq. ⁶⁻⁶ leg. cluiche caointe. *K adds*: ⁊ dorinne Eimer an laoi ann (follows poem: *Claoiter in fert budhesta*, i etc.).

GLOSSARY

The Glossary contains a complete list of all the words occurring in the preceding texts. Only pronouns, infixed pronouns and a few other similar grammatical elements have been left out. For *Aided Con Culainn*, where the spelling has not been normalized, the words will sometimes be found in the glossary with a slightly different orthography, such as *e* for *ea*, *a* for *ai*, *c* and *t* for *d* and *g*, etc. The *h* as a symbol of lenition has often been disregarded. Purely Modern-Irish forms are indicated by an asterisk, as, for instance, *adeirim** etc. It did not seem necessary to register the numerous compounds of the text *Aided Con Culainn*; of all of them the composing elements will be found in the Glossary.

1. **a**, len., interjection used before a vocative.
 2. **a**, **as**, gem., prep. with dat., *out of*. With rel. part. **asa n-**. With aff. pr. 2 sg. **esiut**, 3 sg.m.n. **as(s)** *away*, **as sin** *from that*, f. **esti**, **aiste***. With poss. 3 sg. **as(s)a**.
 1. **a n-**, **an**, rel. pr., *what, all those who* (Aid. Con. C. §20). With following **ro** : **ar***.
 2. **a n-**, nas., conj., *when*.
- aball**, f., *an apple tree*.
abar, see **as-berim**.
ac, see **oc**.
ácaibh, **ácus**, etc., for **fácaibh**, **fácus**, etc., see **fo-ad-gaib-**.
acallam, **agallaimh***, *to address, an address, colloquy*. V. n. of **ad-gládur**.
acbélach, *sad, regretful*. Cf. **aithmélach**.
accai, **accatar**, see **ad-ciú**.
accallam, see **acallam**.
accobur, n., *desire*.
achlann, for **ochlán**, *a sigh, groan* Aid. Con C §52.
achmusán, *reproach, scolding*.
acht, conj., *but, except, save that*. **Acht ná(d)**, *save that not, provided only*. **Acht mani** *unless*.
acus, conj., *and*.
ad-adnaim, for **ad-andaim** *I kindle*.
ad-agaim, *I incite*. Prs. ind. 3 sg. with inf. pr. **atnaig (cuici)** *he incites himself (towards him), he makes (for him)*, from **ad-dn-aig**.
adáibhmar, *painful* (?) Aid. Con C. §28.
adaig, f., g.s. **aidche**, d.s. **aidchi**, **adaig**, *night*. **d'aidchi**, **d'adaig** *to-night*. Mod. Ir. **aidche**, **oidhche***.
adall, *a visit, to visit*. V. n. of **ad-ellaim**.
adamrae, *wonderful*.
adarc, f., *a horn*.
adbal, *great, vast, huge, numerous*.
adbar, *material*. **Adbar rig** *heir presumptive*.

adbhloss, *renown, pomp.*

adbrond, *ankle.*

ad-cíu, Mid. Ir. *atchíu*, *I see*. V.n. *aicsiu*, *faicsiu**. If no preverbal particle precedes, the prt. of this verb takes the preverb *con*. Prs. ind. 1 sg. *atchíu* O. Ir. *I see it (ad-d-chíu)*, Mid. Ir. *I see*. 2 sg. prot. *aici*. Fut. 3 pl. *dochífid**. Prt. 1 sg. *con acca*, 3 sg. *con accai (faca*, faicadh*)*. 3 pl. *con accatar*, *accatar (facatar*)*, with inf. pr. *conda accatar*. Perf. 3 sg. *do chonaire**, *do chonnaic**, 3 pl. *do choncatar**. Pass. prt. *atchessa*.

ad-claidim, *I chase, fish, pursue.*

ad-cobraim, *I desire.*

ad-cotaim, *étaim*, *I find, get, obtain, acquire, possess; I can*. From the prot. *étaim* Mid. Ir. *fétaim* *I can* is derived.

ad-cúas, see *ad-fiadaim*.

ad-damaim, *I confess*. Prt. 3 sg. *ad-dámair*, *atámair*.

ad-ellaim, *aidlim*, *I seek, visit, hit*. V.n. *adall*. Fut. 3 sg. *aidleba*.

aderaim*, see *as-berim*.

ad-fiadaim, *I tell, relate*. Prs. ind. 3 sg. *adfét*. Pass. prt. *adcúas*.

ad-fúar, *very cold*.

ad-gaibim, *I take or follow a way, go to*. *Cid adgaibsid* *whither did ye go?*

ad-gairim, *I proclaim, summon, sue*.

ad-gládur, *I address*. V.n. *acallam*. Prt. 3 sg. *adgládestar*, later *acalt*. From the prot. forms rises a Mid. Ir. verb *acallaim* or *aicim*, e.g. *nín aicill* *she does not address him*.

adiu, *hence*. *Adiu agus anall* *from all sides*.

adlacad, *to inter, bury*. See *adlaicim*.

adlaicim, *I inter, bury*. V.n. *adlacan*, *adlacad*. See *ad-naigim*.

ad-midiur, *I attempt, aim, hit, seize; I adjudge, test*. Perf. 3 sg. *ad-rui-midir*.

ad-millim, *I destroy*. V.n. *admilliud*. *Fo déig a admillte seom* *in order to destroy him*.

ad-moiniur, *I invoke, request*.

ad-naigim (ad-anag-), *I accompany, conduct; I bury*. V.n. *adnacul*, *adlacan** (hence: *adlaicim*). Prs. ind. pass. *adnagar*.

If *atnagar* (T.E. §88) does not merely stand for *adnagar*, it contains a neuter inf. pr. like *atraig*, *atchiu* etc.

ad-rimim, see *áirmim*.

adrochair, see *do-tuitim*.

ad-ro-slí-, *to deserve, receive, impose upon*. Prt. 3 sg. *árail*.

adruim, *I adore, worship*.

ad-ruimidir, see *ad-midiur*.

adúathmar, *terrible, horrid*.

adubairt*, *aduprad**, see *as-berim*.

áenacht, in *i n-áenacht* *together, at a time*.

áer, *air*. O. Ir. *áier*. *Etorra acus áer* *between him and the air*.

áeraim, *I satirize, lampoon*.

áerda, *airy, light*.

áes, see *aís*.

afriithisi, *back, again*. See *doridisi*.

ag, n., pl. *aige*, 1. *a bovine animal*, 2. *a deer (ag allta)*.

ág, *a fight, battle*.

- agad, aiged, f., g.s. aigthe, d.s. agaid, aigid, *the face*. I n-agaid, le hagaid, ar agaid *before, against*. Am' aigid si *against me*. agallamhaim*, *I accost, address*. From acallam, v.n. of ad-gládur.
- agen-mar, *agile, swift*.
- aí, poss., *his, theirs*. Cehtar n-aí *each of the two*. Cach n-aí *each of them*.
- aí, f., *knowledge*.
- aíbhell, *frisking, gadding (of cattle), excitement*.
- aibind, *beautiful, pleasant*.
- aibnis, *delight, pleasure*.
- aibsech, *awful, terrible*.
- aicce, f., *nearness, neighbourhood*. I n-aicci, for n-aicci *near (you)*.
- aichne (O. Ir. aithgne, Mod. Ir. aithne), n., *acquaintance, knowledge, to know, understand*. Dobeir aichne for C. *she recognises C*. Boí dia aichne *she knew him*. V.n. of aith-gnin-.
- aicill, see ad-gládur.
- aicme, *a tribe, sept*.
- aicned, n., *nature, soul*.
- aicsiu, aicsin, faicsin*, dat. aicsin, *to see*. V.n. of ad-cíu.
- aidben, 1. *a tool, instrument*, 2. *an achievement, deed*.
- aidlesc, *indolent, reluctant*.
- aidlim, see ad-ellaim.
- aige, *driving, a race*. V.n. of agim.
- áige, *a joint*.
- aígi, óegi, m., g.s. aígéd, *a guest*.
- aigid, see agad.
- aignech, *sprightly, brisk*.
- aigned, see aicned.
- áil, *pleasant*. Mad áil dí *if she pleases*. Is áil liom *I desire*.
- aile, eile, oile*, n. aill, *other, another, some*. See also s.v. 1. eó ('besides'). Aill amae *alas*. Aill . . . aill or aill . . . dano *one thing . . . another thing, one time . . . another time*.
- ailemain, *a rearing, fostering, an education*. V.n. of alim (O. Ir. altram).
- ailges, f., *a (derogatory) request*.
- áilim, *I wish*.
- áille, f., *beauty*.
- Ailpe, *the Alps*.
- aimid, see amaid.
- aimser, f., *time*.
- aimsigim, *I aim, attack, strike*. Pass. prt. aimsiged.
- ainder, f., *a woman*.
- áine, f., 1. *nobility, splendour, brilliancy, excellence*, 2. *game, sport*.
- ainéscaidh, see anéscaid.
- aingel, *an angel*.
- aingidecht, *wickedness*.
- aingim, *I protect, save, spare*. Prt. 3 sg. anacht.
- ainm, n., g.s. anmae, pl. anmann, anmanna, *a name*.
- ainmech, *having a blemish (anim), maimed*.
- ainmesarda, *unmeasured, immense*.
- ainmide, m., *an animal*.
- ain-min, *passionate*.
- ainmnigim, *I name*.

air, ar, conj., for, therefore.

airbe, f., a fence, railings.

airbe, the ribs.

airbert, f., a practice, device; pl. intelligence, conscience. ? p. 11 X

airbir, a javelin.

airbre, a multitude, host.

airc, a straight, difficulty. Le hairc ná le héigin in whatever difficulties, in any circumstances.

airchech, lord-like, glorious.

aircin, see airgim.

aird-chend, high-headed.

airde, see ardae.

airdir, conspicuous, famous.

aird-mess, m., g.s. -messa, calculating, estimating.

1. aire, attention, heed, notice.

2. aire, m., a prince.

3. aire, therefore. See ar, prep.

airechus, oirechus*, m., sovereignty.

aireda*, airegdae, princely, eminent, excellent.

airenach, m., front.

airer, m., a coast, shore, borderland, region, district.

airfítíud, airfítid, oirfítid*, irfítid*, g.s. airfíte, music, entertainment, delight; to play, entertain. V.n. of air-sét-.

airgim, argaim, I spoil, plunder, harass. See orgaim. V.n. argain, aircin. Lucht airgthe people able to destroy.

airgit, see argat.

airgiur, I perceive, notice, feel. V.n. airiugud. Perf. 3 sg. ro airigestar.

airim, I plough.

áirim, see áram.

airis, m., knowledge, story, subject. Ben folongad ind airis a woman who kept up the subject.

áirithe, certain, particular.

airiugud, to observe, notice, feel. V.n. of airgiur, airgim.

airm, f., place, spot.

áirmach, for ár-mag, battlefield.

áirmim (O. Ir. ad-rími), I count, reckon, relate, say. Prs. ind. 2 sg. nachim áirmi, pass. árimter. Sec. fut. 1 sg. nachit áirmé-baind. Prt. 3 sg. áirim. Áirmit foirenn some authorities say.

airmitiu, f., d.s. airmitin, to honour. V.n. of ar-moiniur.

air-od-ding-, to refresh. Prt. 3 sg. aru-n-utedaig.

air-rí, m., a viceroy, underking.

airtem, m., the fist with the thumb extended.

airther, d.s. airthiur, the east.

ais, the back. Tara ais, pl. tara n-ais back.

1. ais, áes, n., g.s. ais, age. O ais all one's life. Co háes na húaire seo until this very moment.

2. ais, áes, m., g.s. aiso, aisa, people, folk. Ais dána artists, poets, musicians. Ais cíuil musicians.

3. ais, the free will. Ar ais nó ar éicin willy nilly.

aisc, g.s. aisce, reproach.

aislinge, pl. aislingtí*, a vision, dream.

aisnéis, to tell, declare. V.n. of **ess-ind-fíad-**.

aistrech, able to walk, marching.

áit, f., a place. **Áit áenbaili** one particular place.

aitchim (ad-tech-), I pray, entreat, request. V.n. **atach**.

aite, oide*, m., fosterfather.

aith-ben-, to teach? Impf. 3 sg. **atmenad (ad-dm-benad?)**.

aith-berim, I reproach, rebuke.

aithech, m. and f., a rent-payer, vassal; a peasant, boor. Cf.

athach. Aithech tige, m., husband, f., housewife.

aithechán, m., a little boor, a contemptible rustic.

aithed, an eloping, to elope. **Do thabairt ar aithed** to abduct.

aitherruch, again, dat. sg. of **aitherrach** repetition.

X **áithesach**, victorious, triumphant.

aithesc, aithesg, n., an answer, message, words, admonition, advice.

aithgein, n., rebirth.

aithid, f., a wild animal.

aith-ind-só-, to turn back. With refl. inf. pr. to return. Prt. 3 sg.

aton intai (O. Ir. **atn-intai**).

X **aithis, athais**, f., a reviling, contumely, disgrace. 72

aithisiugud, see **athisiugud**.

aithle, track, vestige. **Asa haithle** after this.

aithmélach, sad, regretful. Cf. **acbélach**.

aithne, see **aichne**.

aithnigim, I perceive, understand.

aithnim, see **aith-noim**.

aith-noim, aithnim (de), I entrust (to), enjoin, commit, hand over.

Impf. 3 sg. **atnoad (ad-dn-noad)**. V.n. **aithne**.

aithrech, in **is aithrech liom** I repent.

aithris, to tell, relate.

alach, pregnant. The usual form is **alachta**, but **alach** also occurs

Z. C.P. 18, 216, cf. Pedersen, Vgl. Gr., II, 32.

álad, a wound.

alaib, (T.E. §79 end)? Leg. **duit áilim fochen** I bid thee farewell?

alaile, araile, n. **alail, arail**, another, the other, some. **Cách alaile**

the one . . . the other, one another. **Cách diaraili** to one another.

álaind, pl. **áilli**, beautiful, delightful. Comp. **áildiu, áille***. Sup.

áildem, áilldem.

alam, f., pl. **alma**, a herd.

Albanach, m., an inhabitant of Great-Britain.

Albu, g.s. **Alban**, Great-Britain. Later: Scotland.

alchuing, a rack for arms.

ale, interj., well.

alim, I nurse, rear. Prt. 3 sg. **alt**, rel. **altae**, Mid. Ir. **ebail**, 3 pl.

eblatar, ro altsat. Pass. prt. **altae, alt**, Mid. Ir. **ro eblad**.

Forms with the reduplication syllable **eb-** occur also in the fut. and sec. fut., e.g., **eblae, eblad** (also **ailfea**); it is borrowed from the verb **era** (subj.) to yield, fut. pass. **ebarthir**, which has lost an initial *p-* in Celtic.

all, n., a rein, bridle. 25

allaid, wild.

p. 24 — **allmar**, great, noble. Or: having large reins or bridles?

allmurach, transmarine, foreign; a foreigner.

allta, *wild*.

almae, almha*, f., *a herd, drove, flock*.

alt, *a cliff*.

altrom, *a nursing, education*. V.n. of alim.

alt, n., *a joint*.

1. am, *time*. In am *when*. Is i n-am *it is time*.

2. am, *see is*.

amach, *out*.

amai, amae, interj., *alas*.

amaid, aimid, pl. -e, -edh, -edha, *a witch, sorceress, hag*.

amáin, *only*.

amainse, f., *severcity, insolence, impetuosity*.

amainsiu, *see amnas*.

amáirech, *to-morrow*. O. Ir. imbáruch.

amal, conj. and prep. with acc., *as, so as, like, as if*. Amal bad *as if (it were)*.

amar, m., *lament, singing, music*.

amaras, *see amras*.

amin, *so, alike*.

amlaid, *thus*.

ammus, m., *an endeavour, opportunity, direction*. Ní roacht ammus *fuirri* *he got no opportunity to see her*. Ar ammus c. gen. *towards*.

amnas, *severe, keen, cunning, insolent, impetuous*.

amne, *thus, then*.

amrae, *wonderful, glorious, famous*. Amraide *the more wonderful*.

amras, amaras, *doubt*.

amrún? *See K. Meyer, Contr. s.v.*

amsach, f., *a troop of mercenaries*.

amser, *see aimser*.

amuigh, *outside, without*.

amus, pl. amais, *a mercenary*.

an, *interrogative particle*.

án, *noble, splendid*.

anacol, *saving, protecting, protection*. V.n. of O. Ir. anaig-, Mid. Ir. anaicim.

ánae, *wealth, plenty, large quantity*.

anaichnid, anaithnid, *unknown*.

anáilche, *breath?* *See K. Meyer, Contr. s.v. análach*. Ech n-anáilche *the breath of the horses*. 24

anaim, *I remain, wait for (ag), await, abide with (ar, ag, fri), cease from (de), comply with (le)*. Fut. 1 sg. prot. anub. Prt. 3 sg. abs. anais. V.n. anmain (g. anmana), anad.

anair, *from the east, in front of, before*. Fri . . . anair *at the east side of, before*.

anaithnid, *see anaichnid*.

anál, f., g.s. anála, *breath*. Let anáil *with thy breath*. Cless for análaib, *the trick performed on the breath*. (Cu Chulainn was able to sustain himself on the breath of men, cf. Fled Bricrend, §24).

análach, *breath, vapour*.

anall, *thence, from beyond, long ago*.

anam, *soul*. *See anim*.

- anarrachtas**, *lack of power, decline, decadence.*
anbhfaíne, *weakness, exhaustion.*
anbhfann, *exhausted.*
anbhúaine, *instability, trouble.*
anbhúaineach, *disturbed, troublesome.*
anble, f., *shamelessness, wickedness.*
anride, n., *injustice, injury.*
and, ann, *there, then, lit. in it.* See **i n-**. **Láa n-and** *some day, once upon a day.*
andá, *than it is, than.* See **andú**. **Andá sin** *than that.*
andess, *from the south.* **Timchell n-Alban andess** *around the south of G.B.*
andú, *than I am.* O. Ir. **indú**. 3 sg. **indáas** = **oldáas** (**ol** = *than*, followed by the subst. verb). cf. **andá**.
ane, *then, therefore, thus.*
an-éolas, m., *ignorance.*
an-éscaid, *inactive, spiritless.*
anfadh, m., *tempest, storm, wrath.*
anfadhach, *stormy, terrible.*
an-fosaid (**anbhfosaidh**), *unstable, irresolute.*
angbaid, *fierce, ruthless.*
angbaidecht, f., *fierceness.*
ani, n. of O. Ir. **ind-í**, *something, a thing.*
aniar, *from the west, at the back, behind.* **Frinn aniar** *at our west side, behind us.*
an-iarmartach, *reckless.*
anim, later **anam**, **anum***, f., g.s. **anmae**, d.s. **anmuin**, *the soul, life.* **Anmuin i n-anmuin** *life for life.*
anis, *from below, upwards.*
aniu, **aniogh**, see **indiu**.
an-mana, *an evil omen.*
anmuin, see **anim**.
annall, **fannall***, g.s. **ainnle**, *a swallow.*
annam, *seldom.*
an(n)side, *there, then.*
anocal, see **anacol**.
anocht, *to-night.*
anois, *now.*
anonn, *hence, from here; to the other side, over.*
anrad, m., *a champion.*
ansae, *difficult, troublesome, hard.* Comp. **ansu**. Sup. **ansam**.
an-serce, f., *hostility.*
anúas, *from above, downwards.*
aon*, see **óen**.
aon-amuil*, in **ar n-a**. *our equals, our match.*
aonar*, see **oenur**.
aontad*, *consent, permission.* **d'aon-aontad** *with one accord.*
apad, **apatar**, see **at-bath**.
l. ar, len., prep. with dat. and acc., *before, for, on account of.*
 Mod. Ir. also = **for**, *on*. Also used to connect an adjectival and a substantival numeral, e.g., **cóic . . . déac ar noí fichtib** *one hundred and ninety five.* **Ara chiund** (**chionn**), **ara chend**, see **cend**. With art. **arin**, **airin**, **aran**. With rel.

- part. **ara n-** (**arar**). With pers. pr. 3 sg. m. **air**, **airi**, **aire** (= *therefore*). With poss. 3 sg. **ara**.
2. **ar**, conj., *for*.
3. **ar**, see **a n-**, **an**.
4. **ar**, see **ol**.
- ár**, n., g.s. **áir**, *a slaughter, the dead bodies on the battlefield*.
- ara n-** (before an inf. pr. **ar-**), conj., *in order that, that*. Requires the subj. or the sec. fut. Neg. **arná**.
- arabáruch**, *on the morrow*.
- árach**, n., pl. **áraige** (O. Ir. **áirge**), *a pledge, surety, covenant*. V.n. of **ad-rigim**.
- arae**, m., g.s. **arad**, *a charioteer*.
- araile**, **alaile**, indef. pr., *another, the other*.
- áraill**, see **ad-ro-sli-**.
- áram**, *to enumerate, calculate*. V.n. of **ad-rímim**. **Ansu áirim** (dat.) *too difficult to enumerate*.
- ar-a-selig**, see **ar-sligim**.
- arathar**, m., 1. *a plough*, 2. *a ploughland*.
- ar-canim**, *I sing, recite*. Pass. prt. **ar-cantae** (O. Ir. **-cète**).
- arcát**, **aircét**, *a hundred*. **Comainm n-arcaít** *the namesake of arcát*, i.e. **cét**, *a hundred*.
- archena**, *besides*. O. Ir. **olchenae**.
- ár-chú**, *a hound of battle*.
- ar-claidim**, *I catch*. Leg. **ad-claid** (T.E. §17) ?
- ar-clissim**, *I perform*. Pass. prt. **arcliste**.
- ar-cobraim**, *I desire, long for, invite*. Cf. **ad-cobraim**.
- ard**, *high, loud*, n., *a height*. Equat. **ardithir**. **Os aird (áird*)**, **co h-ard**, **cos áird*** *aloud*. **Ard i n-aird** *to an equal height*, *all the way up*.
- ardae**, **airde**, f., *height*. **A cert-airde** *straight up*. **I n-ardi** *up*, *uppermost*.
- ardán**, *pride, elateness*.
- ard-búrach**, *a loud bellowing*.
- ard-chles**, *the 'high-feat'*, one of Cú Chulainn's tricks.
- arde**, see **ardae**.
- ard-ergnae**, *high knowledge*.
- ard-liss**, *the parapet*.
- ard-rí**, **airdrigh***, *the supreme king*.
- ar-fichim**, *I fight, win*. **Arfich far n-áthu** *he wins your (fights in the) fords*.
- ar-fochlim**, *I beware, provide, prepare*.
- ar-fóemaim** (**ar-fo-em-**), *I accept*.
- ar-foichlim**, see **ar-fochlim**.
- argain**, see **airgim**.
- ar-gairim**, *I check, restrain, detain*. Mid. Ir. **ergairim**, from v.n. **ergaire**.
- argat**, m., g.s. **airgit**, *silver*.
- ariamh***, see **riam**.
- ar-iccim**, *I find, encounter*. Prt. 3 sg. **ar-os-anic** (with inf. pr. of 3 pl.) Pass. perf. **ar-r-ícht**.
- aridisi**, see **doridisi**.
- ar-id(m)-bái**, **ar-id-biad**, see **ar-tá**.
- aris**, *again*. See **doridisi**.

- ar-léicim, *I allow*. Pass prt. arléiced.
- arm, m., *a weapon, arms, armour*.
- armach, *armed; an armed man, a soldier*.
- ármag, *a battlefield*.
- armthach, *armed*.
- arna márach, arna máirech, *on the morrow*. For earlier iarnabáruch.
- ar-nascim, *I bind, engage, betrothe*. Prt. 3 sg. ar-nenaisc, Mid. Ir. arnaiss. Pass. prt. pl. ar-nassa (*remib seom*) *they were betrothed (before)*.
- aróen (fri), *together (with)*.
- ar-orgim, *I slay*.
- arracht, pl. arrachta, *a spectre*.
- arrachtach, *mighty, powerful*.
- ar-r-ícht, see ar-iccim.
- arsa, see ol *inquit*.
- ar-sennim, *I play, make music*. Pass. prt. ar-sente.
- arsisbis, *she gave birth to*. See T.E. §29.
- ar-sligim, *I fight*. Prt. 3 sg. (with inf. pr. 3 sg.) ar-a-selig.
- ar-suidim, *I sit upon*. Impf. 3 sg. ar-id-suited (*containing a neuter inf. pr.*).
- ar-tá, *it is before one, it awaits one, it will befall one*. Prs. ind. ar-ot-tá *awaits thee*. Sec. fut. ar-idm-bíad *that would befall him*. Prt. ar-idm-baí *that would befall him*.
- ar-tai, impv. *avert, turn away (conjectural)*. The form seems to be an impv. of a verb ar-to-só-.
- arthai, *thou runnest away (?)* From air-fo-reth-?
- ar-urg, see ar-orgim.
- as, len., *is*, prs. ind. 3 sg. rel. form of the copula. Mod. Ir. also used for *is*.
- asa, *whose . . . is, whose*. Properly a phrase consisting of the relative form of the copula, followed by the poss. a.
- asa-gninim, *I perceive, recognise, know*. This verb has always a neuter inf. pr. for its object (cf. at-bail). Past subj. 3 sg. at-gneed (*for ad-d-gneed, where -d- is the relative inf. pr.) who might have known*. Fut. 2 sg. at-géne. Prt. 3 sg. at-gén.
- as-berim, aderim*, *I say*. Prs. ind. pass. asbertar, aderar*, prot. abar*, abairthair*. Impv. 2 sg. abair, 3 sg. abrad, pass. (with inf. pr.) at-berar. Impf. pass. asberthe. Prt. 3 sg. asbert, with inf. pr. at-bert, prot. epert, Mod. Ir. adubairt*. Perf. 1, 3 sg. asrubart. Perf. pass. asrubrad, (co n-)érbart, adubrad*.
- asbert, epert, see as-berim.
- ascland, *a load, burden*.
- as-ind, see ess-ind-fiad-.
- aso, interj., *lo, look here*.
- asrubart, asrubrad, see as-berim.
- ass, *milk*.
- at, see *is*.
- atá, *is*, prs. ind. 3 sg. of subst. verb. Prs. ind. 1 sg. atú, 3 pl. atát, later atáit. Atá lium *it seems to me (also: I have)*. With aff. pr. táthium *I have*. Pass. ním táthar *I am not rebuked for, nobody minds (or despises) my . . . Atáthar 'gá tarrngaire it has been prophesied*.

- atach**, *attach*, to pray, entreat, request. V.n. of **ad-tech-**. Cf. **aitchim**.
at-bail, *he dies* (Contains the prep. **ess-**, **as-**, and a neuter inf. pr. -d-). V.n. **epeltu**. Prs. subj. 3 sg. prot. **epla**. Fut. 2 sg. **at-bélae**, 3 sg. prot. **epéla**. **Ní epéla failt nó éisliis** *he will not die from injury or neglect* (the accus. object corresponds to the inf. pr. in **at-bail**).
at-bath, defective verb, *he died*. Prot. **apad**, pl. **aptha**, Mid. Ir. **apatar**.
at-bert, see **as-berim**.
at-chíu, see **ad-cíu**.
at-chluinim (**ad-d-cluin-**), *I hear*. Mid. Ir. for O. Ir. **ro-cluiniur**. Pass. prt. **at-clos**.
at-damaim, *I confess, declare*. Prs. ind. 1 sg. **atmar**. Prt. 3 pl. **at-dámatar**, **at-damnatar**. Cf. **ad-damaim**.
X **atdisis**, obscure form, probably corrupt. *She (the woman) was delivered?* or: *she (Deichtine) assisted her?* p. 4.
at-gén, **at-géne**, see **asa-gninim**.
at-gneed, see **asa-gninim**.
áth, m., g.s. **átha**, *a ford*.
athach, m., *a rent-payer, vassal; a peasant, boor; a giant*. Cf. **aithech**.
athaid, *a while, space of time*.
athair, m., g.s. **athar**, *father*. Plur. Mod. Ir. **aithreacha***.
athais, see **aithis**.
athargab (**ath-for-gab**), *a home-thrust*.
athchuinge, *request, petition, entreaty*.
athchuma, to wound. V.n. of **aith-com-ben-**.
athesc, see **aithesc**.
ath-fálad, g. **athfálta**, *a turning hedge*.
athgarb, *very rough*. 7
a **athios**, see **aithis**.
áthisugud, to blame, rebuke. See **aithis**.
athlaime, f., *dexterity*.
athlam, *dexterous, nimble*.
athnim, *I know, recognise, perceive*.
ath-tuirsech, *weary, fatigued*.
ath-úathmar, *very terrific*.
ath-úathuighthe, *abominated*.
ath-urslucud, m., *opening*. V.n. of (**aith-**)**ar-od-ess-léici**, O. Ir. **ar-osailci**.
at-ibus, see **ibim**.
atmar, see **at-damaim**.
atnagar, see **ad-naigim**.
atn-aig, see **ad-agim**.
atnoad, see **aith-noim**.
aton-intai, see **aith-ind-só-**.
at-racht, **at-regat**, see **ess-rigim**.
atrebaim, *I dwell, reside*.
atrebthaid, pl. **atrebthaide**, *an inhabitant*.
attach, see **atach**.

ba, *death*, cf. **at-bath**, **beba**.

ba, bu, bo, badh*, 1. *was*, prt. 3 sg. of the copula. The following consonant is a geminate and to a following vowel **h-** is prefixed.

1 pl. (ro)bammar, 3 pl. **batir**, **batar**. Neg. form **níbu**, cf. **combu**, **mábu**. Mod. Ir. **badh***, **dob***, 2 sg. **badais***. 2. *be*,

impv. 2 sg. of the copula. 3. *let it be, it must be*, prs. subj.

3 sg. of the copula, with **ro** : **rop**. Neg. **niba** *let it not be*.

bá, *benefit, profit*.

bacaim, *I obstruct, hinder*; *I mind, am reluctant*.

baccán, m., *a hook*.

bad, 1. impv. 3 sg. of the copula. 2. (**pad**) past subj. of the copula, with conj. **co n-** : **combad**, **comad** *that it was, might it be*.

badb, see **bodb**.

báeglach, *dangerous*.

báeglugud, *to endanger, menace*.

báeth, *foolish, mad*.

bág, f., *a contest, strife*.

bágach, *warlike*.

bágaim, bágim, 1. *I fight, contend*, 2. *I boast, vow, pledge*. Prs. ind. 3 sg. **báigthi** (**báigid-i**, with aff. pr.). Prt. 1 sg. abs.

bágsu.

bai, *profit*. Bai braisse the 'profit of quickness', one of Cu Chulainn's tricks.

baí, see **boí**.

báidim, báidaim, *I drown, immerse*. V.n. **bádud**. **Bádud ro báided**, lit. *he was drowned (by) a drowning*.

bailc-**céimneach**, *striding proudly*. 24

baile, m., pl. **bailte***, *place, spot, a homestead*.

bainde, f., *a drop*.

báine, f., *whiteness*.

báin-**ech**, *a white horse*.

bainim, see **benaim**.

bairnech, *angry, fierce*. 24

ball, m., pl. **boill**, *a limb, member*.

ballán, *a mug, cup*.

bam, see **is**.

bán, *white*. **Bán-éc** *pale death*.

banais, f., *a wedding-feast, a feast*. From **ban-fhess**.

banál, see **ban-dál**.

ban-chéile, f., *a wife, mate*.

ban-chobrae, *a woman's assistance*.

ban-chuire, *a troop of women*.

band, n., *an action, deed, achievement*; *a rule*.

ban-dál, ban(n)ál, f., *an assembly, or number of women*.

ban-dé, f., *a goddess*.

ban-delb, f., *a female, a damsel*.

band-ernach, *performing great deeds?*

ban-fénnid, *a she-warrior*.

ban-fess, f., *a wedding feast*, cf. **banais**.

ban-flaith, f., *a lady, queen*.

ban-gnim, *a womanly deed*. Dochuaid ban-gnim tar fer-gnim ag Conall C. (*and his chariot fell upside down?* I have no other instance of this idiom).

bantracht, *the women-folk.*

bar n-, bur n-, far n-, for n-, poss. 2 pl., *your.*

barr, *the top, tip, peak.*

bas, *that it be, pres. subj. of the copula, 3 sg. rel. form.*

bás, m., *death.* Bás d'fagbáil *to die.*

basaire, *to portend?* See Aid. Con C. §28, n. 13.

bascaid, g. basctha, *an injury, damage, confusion.* V.n. of bascain. 77

bascain, *I shackle, restrain, confound, vanquish.*

basgaire, *clapping of the hands.*

bat, *may they be.* Prs. subj. 3 pl. of copula.

bátar, *they were.* Prt. 3 pl. of the subst. verb.

bé, n., *a woman.*

bealadh, *grease.*

beba, Mid. Ir. bebais, *he died.* 3 pl. Mid. Ir. bebsatar.

bec, *little.* Is bec duit etarru *there is only a small difference to thee between them.*

Becfoltach, nom. pr. m., lit. of *little substance.*

bedg, m., *a leap, bound, start.* Focaird bedg de *it, he made a leap.*

béic, *a roar.*

beici, see bolgán.

béimm, béim, n., *a stroke, blow, crushing; to strike, hit.* V.n. of beaim. Béimm sechai *a stroke past him, i.e. if thou shouldst pass him (?)* Béimm forais *a principle, an example.* Co mbéimm trí nónbair *while slaying thrice nine men.* Oenbéimim anacoil fir *with one blow of saving a man, i.e. with each blow sparing one man (out of the nine).* Conrodastar a béimm fri talmain *he intended to crush her against the earth.*

beinn, *I were.* Past subj. 1 sg. of the subst. verb, dia mbeinn *if I were, 2 sg. betha (bethta), 3 sg. beth, bed, 3 pl. betis, bedais.*

beith, beth, *to be.* V.n. of subst. verb and copula.

bél, m., g.s. béoil, n.pl. béoil, *a lip, pl. lips, the mouth.* Ar bél- (aib) *in front of, before.* Co béolu *towards.*

belach, n., *a pass, passage, road.*

bélach, *shouting.* From bél *mouth.*

belat, n., pl. belta, *a pass, road.*

belcheo, see bolgán.

belend, *the leader, hero?*

bélae, f., *the language.*

beltine, *the beginning of summer, May-day.*

bém-dichra, *struck with violence.*

ben, f., g.s. mná, d.s. mnai, n.p. mná, g.p. ban, d.p. mnáib (O. Ir. dissyllabic), *a woman.*

benaim, bainim*, *I strike, beat, cut, wound, kill.* Prs. ind. 3 sg. bent-ai (benaid-i, with aff. pr.) Fut. 3 sg. biid, bith-us (with aff. pr.), Mid. Ir. benfaid, 3 pl. biit. Prt. 3 sg. bí, bíth-us (with aff. pr.). benais*. Perf. 3 sg. Mid. Ir. ro ben. Is sí ro ben béim forais *she set an example, was a pattern.* Benaid rith *it strikes (forces) its course.*

benn, n., *a point, peak, tip.* Benn súain (benn Súain meic Roiscmilk) seems to denote *a sleeping thorn* (Mod. Ir. biorán súain); nád écmonga benn S.m.R. *who does not strike off the sleeping thorn, who does not avoid sleep.*

bennachaim, *I bless, greet, salute.*

bennacht, g. bennachtan, a blessing.

benn-chródae, having powerful horns.

beó, g.s.m. bí, alive.

beóda, vigorous, brave, active.

béos, adv., still, yet. Mod. Ir. fós*.

berim, I bear, carry, bring, take, carry off, bring forth, give birth.

